mórán ċéaird go dtáinig an faċaċ
isteaċ agus ṫosuiġ sé a cainnt leis
seo. D'fiafruiġ sé de ca raiḃ a ṫriall
na ṫairrinġe. "Á cuardaiġeaḋ oibre tá
mé" adeir sé. "Cé'n sórt ceird
tá a-d" adeir a faċaċ. "Obair a bit
a gcuirfear liom mé déanfaiḋ mé
1 "adeir sé "aċ tá mé go han

ṁaiṫ a ṫabairt aire ġo ċapaill"
"Tá as tuigṫeann do léiṫide go han ġéar
maith" adeir a fáċaċ "tá go leór
capaill agam". Śiubail siad amaċ gur
spáin an fáċaċ na caiple ḋó. Bhí
siad a dul ṫríċab go dtáinig siad go
dtí an láir ḋonn. "Anois" adeir
a ~~capall~~ fáċaċ "ní maiṫ a ċéile an
beaṫa a ṫiubharfas tú di seo agus
don ċuid eile, caiṫfid tú feóil a
ṫabairt di seo ar ċuile béili".
"Déanfaid sin" adeir sé "déanfaid mise
rud a bhíṫ a déarfas tú liom". "Is ait a
fear tú" adeir a fáċaċ. Tug sé
a suipéar san oidċe di ċom maiṫ
leis a gcuid eile do na caiple.
Láir na máireaċ ansoin ċuaid
sé amaċ ar maidin agus beaṫa sé na
caiple agus níor labair an láir ḋonn
leis. Nuair a ṫáinig sé isteaċ
dúire an lae agus leag sé a ċuid

aici "Creidim" adeir sí "go bfuil cupa
pṫ an tan-ṁarcaċ". "Ní ḋeaċaiḋ mé
ar aon ċapall ariaṁ naċ mbeaḋ
marḃ a·m Roiṁe ḋeire an lae ma's
le mo ḟeabas no naċ ḃ'eaḋ" adeir
sé. "Níl sí a bfaḋ uait anois" adeir
sí "an capall naċ marḃóċaḋ a
marcuiġeaċt uirċi. Ṡabfaiḋ tú amaċ
anois nuair a ḃeas an faċaċ ina
ċoḋlaḋ agus tiubrfaiḋ tú leat snaċaḋ
mór ata ar ṫaob an ḃalla agus buiḋéal
uisge agus ubló agus muirḃeoċaiḋ muid.
Is gearr a leigfeas an faċaċ muid
aċ b'féidir go gcoisneóċaiḋ muid muid
féin air". D'imṫiġ leis agus ċuaġ sé
leis iaḋ agus buail sé a marcuiġeaċt
uirċi agus ar nḋóiġ bí sóġ aige. Aċ
sgearr a leiġ a faċaċ iaḋ. "A bfeiceann
tú aon blas do ḋiaḋ" adeir sí.
"feicim an faċaċ" adeir sé. "Leig
ċoin gar ḋuit agus feudfas tú

54

adeir sí agus ansoin buail an buidéal
uisge sin toir a dá ṡúil air agus níl
aon ṁaiṫ ansoin go gcaiṫfiḋ tú an
tsnáiṫid leis agus cuir trí na
croiḋe í agus níl aon ṁaiṫ ḋuit an
soin go mbuailfiḋ tú an tubla ar
a' mball dóráin atá fada na
ċic deir. agus tá sé réiḋ ansoin".
Ṁarbuiġ sé an faṫaċ ansoin nuair
a ḃuail sé ċaon ċeann acabair.
Nuair a ṁarbuiġ sé ansoin é
ċuir siad é san áit a raiḃ sé.
"Anois tá mé a' ḋul go dtí an ḃean
is saiḋbre sa doṁan go ~~bpos~~ bpósfaiḋ
~~na~~ tú í agus tá an fear is saiḋbre
sa doṁan 'gá hiarraiḋ agus níl sé
a corruġaḋ ón gcúirt cor a' ḃiṫ
maiṫe. Síleann sé naċ bfuil
fear a biṫ sa doṁan ċoṁ maiṫ
leis aċ níl maiṫ a biṫ leis, is
fearr a fear iuṗa seaċt nuaire

na é agus" adeir sí "ní'l aon meas
mór aige air agus ní beiḋ a leaṫ oiread
aici air nuair feiceas sí ṫusa. Táiniġ siad
ann an sin san oiḋċe. Bí sé innsiġṫe
ag a' Láir Ḋonn do ċuile sórt duine
bí muici gur ingean rí í a raiḃ
saiḋḃreas na saiḋḃreas aici; go raiḃ
sí an-ṁór muici féin agus an fear
a ḃí fanaċt istiġ aici go raiḃ sí ag
iarraiḋ é ċur amaċ. Nuair a ḃí an
Láir Ḋonn agus an mac Rí i nÉirinn
cupla lá ann táiniġ rí eile agus a
mór ṡluaiġte ag iarraiḋ an bean
seo a ~~coiṁġbeáil~~ baint amaċ. Nuair
a ċonnaic an bean seo a ċlaoċ iad
ṫug sí ~~[illegible]~~ ticéad don ḟear seo
a ḃí 'ga hiarraiḋ ċeana "seo anois"
adeir sí "má tá tú i ndon mise
coiṁġbeáil coiṁiġ mé." "Coiṁiġeóċaiḋ
mise tú." Duḃairt a Láir Ḋonn
le mac Rí i nÉirinn an t-am seo "tá

ticéad faiġfir ag an bfear sin nuair
an mbean leí ċoimġbeál agus tiocfaiḋ
sé go dtí ṫusa agus cuirfiḋ sé
faoi ġeasa ṫú a ḋul a ṫroid ar a
ṡon agus abair ṫusa leis an ticéad
a ḃualaḋ aniar sa taoḃ ort agus
ġreamóċaiḋ an ticéad díot agus
gaiḃ a ṫroid ansoin agus ní móran
ḋeaċair a beas ṫú a marḃaḋ an méid
sin." Ṫáinig an fear mór coimfada
leis "Cuirim sé faoi ġeasa ṫú is faoi
ṁór ġeasa na bliana ṫú" adeir sé
a ḋul amaċ agus an méid sin
aimnig a marḃuġaḋ." Déanfaiḋ
sin" adeir seisean "ac buail an
ticéad sin a tá agaiḋ aniar sa taoḃ
orm". Buail, agus ġreamuig an
ticéad ann. Ċuaiḋ sé amaċ
agus ċuaiḋ ṫríċab, fuċab agus
ṫarċab mór gaḃfaḋ seabac
ceapal ṫrí ċanaċa in preaċáin

ġearr ṫrí ceaṫṫa, rinne sé trí
carnáin díob, carnán dá gceann.
Carnán dá gcosaiḃ agus ola mór
maiṫeasa dá gcuid airgid is éadaiġ.
Ċuaiḋ an fear isteaċ go dtí an
ḃean "tá siad marḃuiġṫe a·m"
adeir sé. "Ó ḃféidir go ḃfuil" adeir
sí agus ḃí fios aici go maiṫ naċ é
a marḃuiġ iad. "Caiṫfiḋ tú mise a
pósaḋ anois" adeir sé. "Ḃí caṫa mór
cruiṫneaċt déanta aici naċ raiḃ
toigeal a láime ann "Ḃoil" adeir sí
"ní pósfaiḋ mise aon fear go bráṫ aċ
fear a ṫiuḃrfas ċaor ċaorṫainn a·m
a ḃeas ċoṁ mór leis a gcaṫa seo"
"Ó" adeir sé "ṫiuḃrfaiḋ mise a·d é".
D'arduiġ sé leis amaċ a ċaṫa
agus ċuir sé faoi gceasa mac rí i
nÉirinn caor ċaorṫainn a ṫaḃairt
aige a ḃeaḋ ċoṁ mór leis. Ċuaiḋ mac
a rí ċoṁ fada leis a lúir ḋonn agus

d'innis sé dí an sgéal. "Ó tá sé
i ngáirdín an faṫaiġ" adeir sí "agus
ceann níos mó ná é agus gabfaiḋ
muid ina ċoinne". Ḃuail sé an
maircínġeaċt uaiċi agus níor stop
siad go ndeaċaiḋ siad ċoṁ fada le
teaċ an faṫaiġ agus gur ḃreaṫnuiġ
siad timċeall air agus go ḃfaca
siad ċuile sórt ceart ann. Ṫug
leis a ċaor ċaorṫainn go dtug
sé ag a ḃfear mór í. Ċuaiḋ an
fear mór go dtí an ḃean agus
ṫug sé dí é. "Caiṫfiḋ tú mise
a pósaḋ anois" adeir sé. "Ní pósfaiḋ
mise aon fear go deó" adeir sí "aċ
fear a ṫiubrfas cloigeann iolraċ na
seaċt dteanga agam". "Ó tiubrfaiḋ
mise a.d. é" adeir sé. Ċuaiḋ
sé amaċ go dtí mac rí i nÉirinn "Cuirim
se faoi ġeasa tú agus faoi mór dlaoi
na bliana tú" adeir sé "cloigeann

iolraċ mór na seaċt dteanga a
ṫabairt agam". "Cá bḟaiġ mé é"
adeir seisean. "Níl fios agam" adeir
a fear aċ tabair agam é. Cuaiḋ
mac a rí go dtí an láir dom agus
d'innis sé an sgéal dí. "Tá sé
sin ag teaċt an faċaiġ fhéisin"
adeir sí "aċ is mé aga le t-anc
é sin a ṁarbuġaḋ na an faċaċ".
D'imiġ léoṫab go ndeaċaiḋ siad ann
go dtáiniġ siad ar an iolraċ agus
gur marbuiġ siad é agus go dtug
siad a ċloigeann leóṫab. Tug sé
ag a bḟear mór é agus tug a fear
mór ag a mbean é. "Caiṫfiḋ tú
mé pósaḋ anois" adeir sé. "Ní
pósfaiḋ mise aon fear go deó"
adeir sí aċ fear a ṫiubrfas trí
buidéal de uisge tobar na mbuaiḋ
agus tá sé sin an taobh ó ċaiaiḋ
de lofrann." "Tiubrfaiḋ mise ċugat

é sin" adeir sé. "Tabair" adeir sí
"agus seo ticéad duit agus bíoḋ an
ticéad sin agat ḋom agus ċuile
ticéad eile dá dtug mé duit nuair
a ḃeas tú dul a pósaḋ". D'imiġ
leis agus ṫáiniġ sé ag mac rí nÉirinn
agus bí sé innsiġṫe ag a láir ḋonn
do san go raiḃ sé le ṫeaċt "agus
abair leis" adeir "sí an ticéad a
ḃualaḋ sa druim orṫ agus gream-
ṫaiḋ an ticéad ḋíoṫ". Ṫáiniġ
~~[illegible]~~ fear mór ċoin faḋa leis. "Ċuirim
sé faoi ġeasa ṫú" adeir sé "agus
faoi ṁór ḋíoṁuí na bliana gan a
ḋárna béilí ite de aon ṁéis go
dtugfaiḋ tú agam sa trí buidéal
ḋe uisge tobar na buaiḋ." "Ċéard
a ṫiubrfas tú ḋom" adeir sé
"Ní ṫiubrfaiḋ mé tada duit".
Nuair a dtiubrfair" adeir mac
rí i nÉirinn buail an ticéad sin a

tug do ḃean ḋuit taoḃ siar sa
ḋruim orm." "Ní ḃuailfeaḋ" adeir
sé. "Mar a mbuailfir" adeir mac
rí i nÉirinn "teiġre tú féin ag
iarraiḋ an uisge". Níor tuisge na
ġaḃfaḋ sé féin ag iarraiḋ an
uisge ḃuail sé an tsleaḋ sa
ḋruim air agus ġreamuiġ an
tsleaḋ ann. Ḃí na ceiṫre
ṫsleaḋ aige ansoin. "Tá sé
ċoṁ maiṫ ḋuit a ṫeaċt anois"
adeir a lair ḋóiḃ "agus ní féudfaiḋ
mise na gnó sin a ḋéanaṁ mar
a nḋéanfaiḋ duine éigin eile"
ḋóiḃ é agus b'féidir go nḋéanfaiḋ.
Ḃí siad ag imṫeaċt ariaṁ ón
sin go dtáinig siad ag bun cnuic
agus na lapaċaí a ḃí ag éiriġ
as mullaċ a' ċnuic b'ḟoċas do
go raiḃ siad a' ḋul go mullaċ an
aér. "Marḃuiġ mise anois" adeir

a láir dom leis agus nuair a ḃeas
mé marḃ féin a ṫaoḃ a ḃéas ar
mo ċlann fill siar an craiceann
agus luiġ tú féin faoi. Is ġearr go
dtiocfaiḋ trí préacán go mallice
beiḋ ceann acaḃ níos lúġa ná an
péire eile, cuir ċuġa amaċ do
láiṁ agus béir ar an ~~ġ~~ ġceann
beag agus abair leis a bpéire eile
náċ luiġfiḋ tú nuair an ceann
beag go dtuġfaiḋ siad san dá buidéal
deiṁ uisge agat. Ceangail ḋá
buidéal faoi na ġcuid muiníl agus
imṫeoċaiḋ siad agus is ġearr go
bfillfiḋ siad agus uisge acaḃ aċ
abair ċuġa naċ bfuil aon maiṫ
ann mar nuair a ṫiocfaiḋ siad
agus an t-uisge ceart acaḃ is ar
éigin a beas siad i ndon a teaċt mar
beiḋ siad dóiġte. Nuair a ṫiocfas siad
agus an uisge ceart acaḃ béir orraḃ

agus abair leis an gceann beag nach leigfidh tú uait iad go dtugfaidh sise buidéal eile de uisge ṫobair na mbuadh agat. Nuair a tiocfas sise agus uisge ceart aici tabair a mór ndóṫain dómsa le n-ite do na trí cinn acab, buail cuid de'n uisge orrṫa agus leigheasfaidh sé iad. Fill an craiceann ar ais orm-sa ansoin agus buail cuid de'n uisge orm agus eiréigeoċaidh mé féin agus beidh muid a cainnt ansoin."

Marḃuig sé an láir donn ansoin agus d'feann sé taob dí. Agus luig sé faoi'n gcraiceann agus cuir sé taob na feóla amuic. Táinig na préacáin agus tosuig siad ag ite. Cuir sé a láim amac agus rug sé ar na trí cinn. "Seo anois" adeir sé leis a dá préacán mór "dá buidéal díb agus mar a dtugfaidh sib trí buidéal de uisge ṫobar na mbuadh agamsa maróċaidh mé an préacáinín

beag" D'imṫiġ siad ansoin agus ní
raiḃ siad leaṫ-uair imṫiġṫe nuair
a ṫáiniġ siad agus trí buidéal uisge
acab. "Ó ní'l aon maiṫ ann" adeir
sé "teiġiġí agus tugaí an tuisge
cearc liḃ". D'imṫiġ leoṫab ansoin
agus sgearr go ḋtáiniġ siad agus gan
liobar orṫab". Ċuimil sé an tuisge
orṫab agus ḃiġeas sé iad. "Anois"
adeir sé "leis a ḃpreaċáinín beag
caiṫfiḋ tusa imṫeaċt agus creidim
naċ ḃfillfiḋ tú ċor ar biṫ." "B'féidir
go ḃfillfinn" adeir sí. D'imṫiġ sí
agus níor ṫug sí aon uisge aiġe go
ḋtug sí an tuisge cearc aiġe agus
na cleiteaċa ḋóiġte uirṫi. Ċuimil
sé an tuisge uirṫi agus ṫug sé
a ḋóṫain le n-iṫe ḋóiḃ. Nuair
aḃí a ḋóṫain iṫte acab ḟéin
láir ḋonn, d'iompaiġ sé an craiceann
uirṫi agus ċuimil sé an tuisge di

agus d'éirigh sí suas. Bhí an tuisge aige
ansoin agus chuaidh siad ar ais. Nuair a bhí
siad ag a stábla ansoin chuir an láir
donn ialach air an tuisge a dhóirtead
amach ar bhfaois ní gur chuimil sé cuid
de air féin chuile áit ó mhullach a
chinn go bun a choise. "Anois" adeir
a láir donn nuair a chlabhfas an fear
mór an tuisge ag an mbeann thabhfaidh
sí léice é suas go barr a tighe agus
dóirt~~ead~~fid sí amach é an áit eicint
ionnus go bhféadfaidh sí é chuimilt di
féin mar chuimil tusa agus nuair
a bheas sé sin déanta aici tá
trí bairille ceara aici agus gabhfaidh
sí síos agus aníos de léim ins chaon
cheann acab agus déarfaidh sí ansoin
nach bpósfaidh sí aon fear go deo
ach fear a dhéanfas an cleas sin.
Eirgheochaidh an fear mór ansoin agus
gabhfaidh sé féin ann agus bruicfear

66

'sa gcéad bairrille é." Ṫug sé an tuisge
ag an bfear mór ansoin. Ċuaiḋ an
fear mór ansoin agus ṫug sé ag a
mbean é. Ṫug sise léiṫe gur doirt
sí a soiṫeaċ é gur ċuimil sí ḋí
féin é. Ṫáinig sí anuas ansoin
agus bí na trí bairrille socruiġṫe
aici agus ċuaiḋ sí síos agus aníos
de léim ionnċab. "Ní pósfaiḋ mise
aon fear go deo" adeir sí "aċ
fear a ḋéanfas an cleas sin." Sin
é an áit a raiḃ an ḋeifir ar a
bfear mór. Ċuaiḋ sé ḋe léim sa
gcéad bairrille agus ar ndóiġ ḋ'fan
sé ann. "A ndéanfaiḋ tusa é"
adeir sí "le mac rí nÉirinn" "Ní
ḋéanfad" adeir sé. "Nac tú
rinne ċuile rud" adeir sí. "Iompuiġ
ṫart" adeir sí. Connaic sí
na ticéid*. "Is tusa an fear sa."
adeir sí. "Síleá nac n-iarrfá

orm an cleas seo a ḋéanamh" adeir sé.
"Ó dubhairt mé" adeir sí "Caithfidh
tú é ḋéanamh". Chuaidh sé de
léim 'sna trí bairille. "Is tusa
m'fhear sa" adeir sí "agus pósfaidh muid."
"Déanfaidh sin" adeir sé. "Caithfidh
mise a ḋul ag iarraidh mo chapall"
adeir sé. Chuaidh sé amach agus
ní raibh an capall ann. D'imthigh
sé ar a thóruigheacht agus ní
mórán aċair ḋéin bóthar a bhí
siubhalta aige nuair a casadh
ceaṫar ban dó. Bhí bean ṁór
ann agus bean ḃeag agus dá ḃean
mar a chéile. Labhair a ḃean
ṁór leis agus d'fhiafruigh sí de cá
raibh sé a ḋul. D'innis sé dí.
"Gaib ar ais" adeir sí "agus pós
an bean atá tú ḋul a ṗósfaidh".
"Caithfidh mé í siúd fágail" adeir sé.
"Ní bhfaigh tú í" adeir sí "Is mise í

agus gaib air ais agus pósfaid do bean
ní ṗósfainn-se ċor a ḃiṫ í. Pósfaid
mise gaisgiḋeaċ ar ball, níl gaisge
a ḃiṫ ionnat-sa." Ḋiompuiġ sé
ar ais agus ṗós sé an ḃean agus
d'fan sé an aonfaiċ léiṫi.

Ar maidin lá'r na ḃáireaċ
nuair a d'éiriġ an leasmáṫair
sa mbaile glaoḋ sí ar a dara
mac. "Tá capall strainséara
anseo" adeir sí agus seans gur
go t-iarraiḋ atá sí. Tabair leat
a tsraon agus feic a dtioċfaiḋ sí
ċoin fada leat." Ṫug sé leis a
tsraon agus crait sé í agus ṫáinig
an capall aige. Ḃuail sé ar
marcuiġeaiḋe uirċi agus gread
sí léiṫi agus níor stop sí go dtáinig
sí ċoin fada leis an mbean ar
marcuiġeaḋ an foċaċ uirċi. "Tá
tú ann" adeir a bean "cuir

ar scábla í." Cuir sé amaċ í agus
ṫáinig sé isteaċ. Dubairt an
bean leis go b'é an gnó a bí aici ḋí
go dteigfeaḋ sé ag iarraiḋ bean
a bí ina léiṫiol seo ḋe áit a raiḃ
"Cnoc an Óir air." "Aċ ní mór ḋuit
a ḃeiṫ an-ḟear uait" adeir sí
"mar tá mac rí agus a mór-
ṡluaiġte a teaċt 'ga hiarraiḋ.
Seo ḋuit cláirín nach bfuil a
ḃuaḋaċtáil ag a saoġal ar a té a
mbeiḋ sé aige agus seo breann buiḋe
frúisin agus má ṫaiṫnigeann tú
leis a mbean gabfaiḋ sí a congnam
ḋuit." Siubail leis agus ní raiḃ sé
aċ ceaṫair nó cúig de naireannta
go raiḃ sé san áit a raiḃ sí agus
bí na mór ṡluaigte ansoin go
dtugfaiḋ siad leóṫab gan
buiḋeaċas í. Nuair a ṫáinig
sé isteaċ sa gcúirt ṫáinig

a' bean roimhe agus rug sí ar dá
láimh air agus ċuir sí céad míle
fáilte roimhe mac rí nÉirinn. Leag
sí anuas ċuile rud dá feabas aige
agus nuair a bhí sé ite aige "anois"
adeir sí "gabfaid mise i gceann
dein campa agus mise 'sa gceann
eile." Ċuaiḋ siad amaċ agus
ċuaiḋ siad ṫríċab ṫarċab agus
fúċab mar gabfaḋ préaċán gearr
ṫrí ċearca ná seabac uasal
ṫrí éanaċaiḃ. Rinne siad trí
carnáin díob, carnán dá
gceann, carnán dá gcosaib agus
ola mór maiṫeasa dá gcuid airm
agus éadaiġ, cuid a bhí acab nár
eiriġ leóċab riṫ. Nuair a bhí an
marbuġaḋ déanta pósadar agus
ċuadar abaile ag bean an ḟaiṫiġ
agus bí fear na fáilte aici seo
rúċab mar bí fios aici go b.1

71

an ḃean seo an láṫair ḋom agus naċ
raiḃ aon ḃean eile i ndon an áit
a riṫ aċ í. Ṫug sí suas an áit
ḋóiḃ ansoin. Bí an oiread fios
ag a mbean ar an áit agus bí
ag bean an faitiġ agus bí an oiread
draoiḋeaċta aici leóṫab freisin agus
ní raiḃ aon faitcios orrṫab go
dtiocfaḋ aon ḋuine coṁ fada
leóṫab a bainfeaḋ an áit ḋíob.
D'fan siad ansoin aríst go bfuaireadar
bás.

21/5/32

# An Rí agus a bolsgaire



Rí aḃí ann agus ḃí inġean aige agus ḃí bolsgaire aige. Ḃí an bolsgaire suim mór ainnsire aige agus faoi ḋeire ċeap sé go mbféidir go raiḃ sé mór leis an inġean agus ḋíbir sé é agus ní raiḃ aon áit faoiṅ ḋoṁan le ḋul ag a mbolsgaire aċ a ḃeiṫ ag imṫeaċt roiṁe gur ċasaḋ isteaċ i gcoill é. Nuair a ċuaiḋ sé isteaċ sa gcoill casaḋ teaċaín beag air agus nuair a ṫáinig sé isteaċ séard aḃí ann bean ḋraoiḋeaċt. Dubairt sí leis a ḋul amaċ go beo. "Níor ċeart ḋuit mé ċur amaċ anoċt" adeir sé. Ṫosuig siad a sáruġaḋ ar a ċéile "Fágfaiḋ mé istig anoċt ṫú" adeir sí "má ṫreabann tú garriḋ beag atá an sin amuig a mbáireaċ". "Ṫreabfaḋ

73

aDeir sí. D'ḟág sí istiġ san oiḋċe é
agus ar maidin ċuaiḋ sé a ṫreabaḋ
an gairḋín agus ba iongtaċ an gairḋín le
treabaḋ é. Ṫáiniġ sé isteaċ tráṫnóna
agus an gairḋín treabṫaḋ aige. "Níl
aon ġnó a·D a ṫeaċt isteaċ"
aDeir sí. "Ó ná cuir amaċ anoċt
mé" aDeir sí "naċ bfuil fios a·D
go bfuil mé tuirseaċ". "Má ḟágaim
istiġ anoċt ṫú" aDeir sí "caiṫfiḋ
tú carr maiḋí a baint a mbáireaċ".
"Bainfead" aDeir sé. D'imṫiġ leis ar
maidin a baint na maiḋí agus
ní raiḃ deifir a·bíċ ar 'gá mbaint;
go raiḃ slaD bainte aige nuair
a bí sé an oiḋċe. Ṫáiniġ sé
isteaċ nuair a bí slaD bainte
aige. "Níl aon ġnó a·D isteaċ"
aDeir sí "leiġ mé isteaċ 'ın
aréir agus arú aréir le truaiġ
Duit aċ ní ṫiocfaiḋ tú isteaċ

74

anoċt". "Ó tá mé tuirseaċ" adeir
sé "agus má ċuireann tú amaċ
anoċt mé caillfear mé." "Ḃfuil
fios a'd cad é" adeir sí. "Tá
tobar annsin ṫall agus tá solus
gorm síos ann gabfaidh mé féin
an aonfaiċt leat agus má ṫéigheann
tú an solus agam tiubhrfaidh mé
ċuile rud duit." D'imṫigh léiṫi
agus rópa aici agus sgaoil sí síos
ann leis a rópa é agus ní raiḃ
fios céin domhainn abí sa tobar.
Sgaoil sí síos é gur rug sé ar a solus
agus ṫosuigh sí 'gá tairringt aníos
go raiḃ sé sáṫaċ gar dí le breiṫ
air. "Sín aníos an solus a'm" adeir sí.
"Ní ṡínfead go dtiocfaidh mé féin aníos"
adeir sé. Sgaoil sí síos ar ṫóin a
tobair arist é féin agus an solus.
Sgearr gur ṫosuigh fuaiċt a teaċt
air agus ḃí an solus i ngreim

75

a gcomnuiḋe aige. Nuair a ṫosuiġ an
fuaċt a ṫeaċt air ṫarrniġ sé a
ṗíopa as a ṗóca agus d'iompuiġ sé
an solus ar a bpíopa a ḋul gá
lasaḋ agus ar a bproinnte agus ar
iompuiġ ċasuiġ an fear le na ġualainn.
"Céurd tá uait" adeir a fear. "Mé
beiṫ tugṫa anios as seo" adeir sé.
"Agus an bean sin a beiṫ curṫa go
leaṫ taoib liomsa agus í beiṫ curṫa
síos 'sa tobar agus an teaċ agus an
áit a beiṫ agam féin." Bí sé déanta
le iompuġaḋ na boise agus é isdiġ
'sa teaċ agus fuair sé scumpaḋ de
ṁála óir ann. Nuair a bí sé
socruiġṫe isdiġ 'sa teaċ ansoin,
d'iompaiġ sé an solus ar a bpíopa
arísd agus d'iarr sé inġean a
rí a beiṫ aige agus bí agus bí sí
curṫa ar ais ar maidin. Lá 'r na
ṁáireaċ dubairt inġean a rí le na

haṫair go raiḃ sí mar ḃeaḋ sí i
mbruiġlóidí an oiḋċe roiṁe sin agus
gur tugaḋ as a gcuirt í. "Bíoḋ" adeir
a rí "cuir ċupa ~~póca~~ cruiṫneaċta
in do póca anoċt nuair a ḃeas
tú ḋul a ċodlaḋ agus má airiġeann
tú ṫú féin ag imṫeaċt cuir poll
ar a bpóca agus beiḋ an ċruiṫneaċt
ag imṫeaċt as agus beiḋ fios cá
n-gabfaiḋ tú. Tugaḋ an bealaiġ an
dárna oiḋċe í. Nuair a ḃí an
sglábaiḋ a ḋul ġá hiarraiḋ dubairt
sé leis a mbolsgaire go mbeaḋ a
ḋóiṫin le ḋéanaṁ aige féin a
cruinniuḋ cruiṫneaċt. Tugaḋ
an tuigeann ag tiġ an bolsgaire agus
ḃí sglábaiḋe an tsolais a cruinniuḋ
cruiṫneaċt ar feaḋ na hoiḋċe. Nuair
nać raiḃ an ċruiṫneaċt le fáġail ní
raiḃ fios cá raiḃ sí. Dubairt sí le
na haṫair go raiḃ sí imṫiġṫe. "Bíoḋ

má ṫuiteann tú anoċt" adeir sé
" bain ḋíot do ḃróga agus caiṫ i gcúinne
éigint sa teaċ iad agus beiḋ fios cá
raiḃ tú". An oíḋċe sin ḋ'iompaiġ an
bolsgaire an solus agus duḃairt sé an
inġean a ṫabairt aige". "Ní mór
ḋuit" adeir a sglábaiḋe breaṫnuġaḋ
amaċ ḋuit féin mar béarfar ort
a mbáireaċ gan buiḋeaċas ḋomsa".
Ṫugaḋ aige í agus nuair a bí sí a
ḋub air agus ḋ'fág sí an ḃróig ina
ḋiaiḋ. Ṫáiniġ cuartuġaḋ ar a mbróig
láir na báireaċ agus fríceaḋ í agus
ṫóigeaḋ an bolsgaire agus cuireaḋ
sa bpríosún é. Baineaḋ ḋe a ċuid
éadaiġ. Bí an mála a raiḃ an tór
ann ceangailte ḋe agus ḋ'fan sé
aige aċ ḋ'imṫiġ an solus agus a
píopa uaiḋ. An fear a bí a breaṫnuġaḋ
ina ḋiaiḋ duḃairt sé leis "má ṫugann
tú agam sa muid éadaiġ" adeir sé

ṫiubrfaiḋ mé mála óir ḋuit". Má
ṫugann tusa an mála óir ḋomsa"
adeir a' fear ṫiubrfaiḋ mise an
ṫeuḋaċ agat". Ṫug sé dó an
mála agus fuair sé an ṫeuḋaċ.
Nuair a fuair sé an ṫeuḋaċ ċuir
sé air é agus ṫug sé amaċ an
píopa agus d'iompaig sé an solus
air agus d'iarr sé é "ṫabairt as seo"
Ṫáinig an sglábaiḋe "ná bac le imṫeaċt
as seo" adeir sé "fan go dtí lá an
ṫriáil beiḋ congnaṁ agam-sa an lá
sin agus feicfiḋ tú slam-sa agam-sa
agus ag mo ṫaoḃ conganta." Nuair a
ṫáinig an triáil ansoin ṫiligeaḋ le na
ċroċaḋ é. Nuair a bí sé le croċaḋ an
sin agus na daoine uiligann d'iarr sé
aċuinniḋe ar a rí agus fuair sé
í. Ṫarraing sé amaċ a píopa agus
d'iompuig sé an solus air agus
ṫáinig an sglábaiḋe agus a ċuid fir

79

agus marbuiġ siad a raiḃ ann aċ an Rí
agus geall seisean dó go dtiubrfaḋ sé an
ingean le pósaḋ dó. Ċuaiḋ siad ṫiġ
an Rí ansoin agus pósaḋ iad agus
d'fan siad ansoin. Is aige féin abí
ċuile ċomairle agus ċuile bealaċ ó'n
Rí ní raiḃ an Rí ag iarraiḋ maiġistir-
eaċt a ḃiṫ air. Nuair abí sé ann
tuairim bliaḋain (agus é foġlaimeaċt
ċuile lá) ṫug sé guna leis lá agus
nuair abí sé dul amaċ d'iompuiġ
sé an solus agus ṫáinig a' fear
ċom fada leis agus d'ḟiarruiġ sé
ḋe cé'n áit a bfearr dó dul a
foġlaimeaċt. "Gabfaiḋ tú isteaċ
'sa gcoill" adeir sé "go gcasfar
cloċa leac agus ní beiḋ aon blas
ḋe'n cloċa le feiceál aiḋ aċ
éanaċa agus caiṫfiḋ tú leis an
éan is airde ar a' gcraoḃ agus
marbuiġ é agus nuair a marbóċ-
as tú é bain as a croiḋe agus

80

cuir in do póca é agus níl aon lá
coiḋċin naċ mbeiḋ airgeaḋ a'd.
Agus bainfiḋ tú an craoḃ agus
cuirfiḋ tú sa ngairdín é agus
beiḋ na héanaċa a tiġeaċt ar
ċuile lá agus tiubrfaiḋ tú leat
a clóca agus nuair a·biṫ a
ċuirfeas tú ort é rud a·biṫ
iarrfas tú ġeobfaiḋ tú é. Agus an
sin nuair a ġabfas tú abaile leis
a· gcraoḃ beiḋ inġean buiṫe
romat agus séin tainm a
baistfeas tú ar an inġean an
Craoibín Álainn mar sin é an
tainm atá ar an gcraoḃ agus
níl aon lá coiḋċin naċ mbeiḋ
an t-áḋ ar an inġean sin."
D'imṫiġ leis an coin agus nuair
a ċuaiḋ sé isteaċ sa gcoill
agus connaic sé an taṁaile
deas seo an craoḃ agus clóca

agus é ċlúduiġe le éanaċa agus
ċaiṫ sé leis an éan ba haoirde
agus marbuiġ sé é agus bain
sé an croiḋe as agus ċuir sé
ina póca é agus ṫug sé leis an
ċraoiḃ agus an cloċa. Ṫug sé
abaile an cloċa agus ċuir sé i
dtaisge é agus ċuir sé an ċraoiḃ
sa ngairdín agus bí an inġean
buiḋeaċ roiṁe nuair a ṫáinig sé.
Baist sé an Craoibhín Álainn ar
an inġean. Bí an inġean a' tiġeaċt
suas ansoin agus bí sé ag imṫeaċt
ċuile lá a' foġluimeaċt agus a'
breaṫnuġaḋ ina ṫimċeall. Ní baoġal
a bhí naċ raiḃ neart airgid ina
póca, agus rud a biṫ eile a bí uaiḋ
ní air aċ a cloċa a ċur air agus
ġeobfaḋ sé é agus bí fead a
lampa ag obair dó freisin —
trí ur ar fad. Bí an inġean ag

eiriġ suas ansoin go raiḃ sí 'na
sudaire maiṫ, abreic suas ar a
beiṫ 'na cailín óg agus ansoin
caillead a máṫair. Nuair a
caillead an bean ansoin bíoḋ sé ag
imċeaċt a foġlaireaċt ċuile lá agus
lá amáin casaḋ bean sa gcoill air.
Ṫug sé aġaiḋ an ġuna uirċi agus
dubairt sé go ġcaiṫfeaḋ sé í. "Ó
ná caiṫ" adeir sí "bean mise a
ṫáinig ċoin fada bac. Is í an
aca an ḃean ḋe inġean is
breaġṫa dá bfaca tú ariaṁ
feiċeaint a bpósfá í." D'imṫiġ
leis an aonfaċt léiṫi go dtáinig
sé isteaċ i gcúirt ḃreaġ agus
bí a ḃean go breaġ aċ bí an ḃean
seo níba breaġṫa ná í. Bí an
ḃean agus an inġean a ḋul
timċeall ar ansoin gur ġoid siad
an croiḋe as a ṗóca agus ċuir

siad i bfolaċ é; bí sé suaraċ go leór
ansoin. D'éiriġ siad ansoin ar
maidin agus d'iarr siad air an clóca
a ċur air agus é féin agus iad
féin a ṫabairt go Sliab an Óir.
Nuair a ċuaiḋ siad go Sliab an Óir
ansoin bí an áit ċoṁ breaġ agus
go dtáiniġ codlaḋ air. "Cuir go
ċeann mo néit" adeir an inġean
leis. Ċuir agus nuair a ċuit sé
'na ċodlaḋ goid siad an clóca
uaiḋ agus d'imtiġ siad. Nuair
a ḋúisiġ sé ansoin ní raib aige
aċ a beiṫ a breaṫnuġaḋ 'na ṫimċeall.
Ní mórán aċair go bfaca sé an
faċaċ a tiġeaċt. "Fú fá fiasóġ"
adeir a faċaċ. "Dona go leór"
adeir seisean. "Creidim gur casaḋ
an cailín leat" adeir a faċaċ agus
go bfuil na robáilte aici agus beiḋ
tusa robáilte anois freisin nuair

atá an croiḋe agus a clóca aici." "Tá mé caillte leis an ocras" adeir seisean. "Téanam uait an aonfoic liomsa" adeir a faṫaċ agus tiubhfaiḋ mé neart le n-iṫe ḋuit." Ċuaiḋ sé an aonfoic leis a' bfaṫaċ ansoin agus sé 'n áit a ḋcuġ sé ag gáirdín agus bí ċuile rud curṫa ann. Bí gobáiste ann agus feiccar do naċ bfaca sé don gobáiste ariam a bí ċoṁ breaġ léiṫi agus ċosuiġ sé ag iṫe na gobáiste agus ní raib an ċéad ġreim ṡíos aige nuair a bí sé 'na asal. Bí an faṫaċ a breaċnuġaḋ air ansoin agus bí a ḋá oiread ocrais ansoin air nuair a bí sé 'na asal. Ní ḋearnaiḋ an faṫaċ aċ a ḋul anonn ansoin agus meall de gobáiste eile a bí ann a ċaiṫeaṁ aige agus ar a bpoinnte boise agus ar ḃain sé plaic aisti bí sé 'na fear arís.

"Teanam uait anois" adeir a faṫaċ "agus tiubharfaiḋ mise neart le n-iċe ḋuit." Ṫug a faṫaċ leis ansoin é agus ṫug sé neart le n-iċe ḋó. "Níor ṫáinig aon ḋuine anseo ariaṁ aḃí i n-don é ḟáġáil mar a mbeaḋ draoiḋeaċt aige" adeir a' faṫaċ "agus níor leig mise aon ḋuine as ariaṁ gan é marbuġaḋ aċ tá truaiġ agam duitse. Tá fios agam go maiṫ gur fada an lá a ḃeiṫfeá anseo ṡul ḋá dtiubharfá aon blas ḋe mo ċuid óir ~~ḋom~~ uaim, aċ ní ḃeiḋ mé mar sin anois tiubharfaiḋ an ċailleaċ uaim é nuair aṫá an cloċa aici. Ní raiḃ an faṫaċ i n-don é ċur aḃaile ansoin agus ní raiḃ aon ṁaiṫ ḋó ḋul aḃaile mar aḃfeudfaḋ sé ḋul ċoiṁ fada leis a' mbeirt. Ċuir sé a láiṁ siar ina ascail ansoin agus sin é an uair a ċuiṁniġ sé ar a ~~mbosca~~ solus. Ní raiḃ fios ag

86

a. gealleaċ go raiḃ an & solus aige.
ċiubrfaiḋ sí uaiḋ é aċ ní raiḃ
fios agus níor ċuimniġ sé féin
ariain air go dtí seo. D'iompuiġ
sé an solus ar a bpíopa agus ċaiṫiġ
a fear ċoṁ fada leis. "Ċreidim go bfuil
ċruaiḋ ċúis ort" adeir a fear.
"Tá" adeir seisean. "Níl aon maiṫ
ḋomsa go do ṫabairt as seo go bfaiġ mé
cuid ḋe'n ġobáiste". Ċuaiḋ sé agus
fuair sé trí meall gobáiste". Ciubrfaiḋ
meall acab seo anois" adeir sé "do
ċaoṁ ḋuine acab agus coiṁniġ an
meall eile agus tá an gobáiste
millis agus ċoṁ luaṫ agus blaisfeas
siad ḋe'n gobáiste iompóċaiḋ siad
ina nda asal. Nuair a ḃeas siad
ina nasail na spáráil féur tirim
orrṫab agus na tabair aon deoir
uisge ḋóib go bfeicfiḋ tú ce'n
taċar a dfanfas siad beo." D'imṫiġ

leis ansoin agus thug sé dóibh na dá meall
agus chuir sé an meall eile i dtaisce.
Nuair a bhí cupla plaic ithte acab an
sin d'éirigh siad suas 'na bpéire asal:
bhuail sé isteach i scioból fuar
folamh iad agus trí seachtmhaini
a bhí siad ansoin ag ithe féar tirim
nuair a cailleadh an sean capal.
labhair an ingean leis an Som agus
í 'na capal "Má leigheasfann tú mé"
adeir sí "pósfaidh mé thú agus ar
ndóigh ní beidh aon bhean sa domhan
a bheas chomh breagh ná chomh saidbhir
liom agus geallfaidh mé duit nach
ndéanfaidh mé aon blas ag bealach
ort arís go deo." Thug sé an
meall eile le n-ithe dí agus d'éirigh
sí suas 'na bean agus thug sé leis
abhaile í. Bhí sí an-cheanamhail
ansoin ar an ingean go ceann bliana
agus cheap sí ansoin go raibh can

ingean na bean ní ba bréaġṫa
ná í féin. D'imṫiġ léiṫi agus ṫug
sí léiṫi an ingean agus d'fág
sí istiġ i geoill í agus ní raiḃ aon
beiṫiḋeaċ éigin sa ḋoṁan naċ raiḃ
istiġ sa ġeoill. Nuair a d'fág sí
istiġ i lár na coille í d'imṫiġ sí
uaiṫe. Ṫosuiġ an ingean ansoin
a caoiḋneaċáin agus a siubal
léiṫi agus ní raiḃ aon beiṫiḋeaċ a
ḋeanaḋ rud a bíc uirṫi aċ ċuile
ṡórt a craiceann a ḋrioball mar
sí a' ḋul ṫarṫab. Ar maidin lár
na ḃáireaċ ṫáiniġ sí amaċ as a
geoill agus bí sí a siubal léiṫi píosa
ḃein lá go dtáiniġ sí isteaċ i
dteaċáin beag deas. Bí ceiṫre
naiġin bruċán agus ceiṫre ċóta
leaġṫa ar a mbord agus d'ól sí
blogam as ċaon naiġin agus ansoin
ċuaiḋ sí i steaċ faoi'n mbord a

bhfolach. Sgearr a bhí sí ann nuair a chonnaic sí ceathar firín beaga a teacht isteach. "Bhí bean anseo" adeir siad 'nuair a bhlais siad dá gcuid naigínibh. "Gaibh amach as sin" adeir duine acab. Nuair a chonnaic siad í "fanfaidh tú an aonfhaic linn aonnos" adeir siad "a réidhteach a mbéidh dúinn". Bhí sí an spórteamhail ansom. Cuile sórt dá raibh ag rí ná ag prionsa bhí sé acab. Bhí sí an aonfhaic bhócab ansom go ceann tamaill no mar sin nuair a deirigh an leasmháthair suas lá agus bhí peictiúr aici a bhfiarrfiadh sí cuile rud de. "A bhfuil aon bhean faoi'n domhan" adeir sí "is deise crothe coise, barr boise agus dath fiacal ná mé ó cailleadh an Craoibhín Aluinn." "Ó níor cailleadh an Craoibhín Aluinn cor a bith" adeir a peictiúr "tá sí

na léiṫiḋe seo ḋe áit." Buail le
go dtéigfeaḋ sí ċoṁ fada léiṫi. Nuair
a bhíoḋ na fir beaga a' ḋul amaċ ċuile
lá deirfeaḋ siad léiṫe ḋá dteasfaḋ
aon duine ~~isteaċ~~ ag a dorus gan é
leigint isteaċ. Ní mórán aċair go
dtáiniġ an leas-ṁáṫair ag a dorus
"Leig isteaċ mé" adeir sí. "Fuair mé
orduġaḋ gan aon ḋuine a leigeann
isteaċ" adeir sise. "Ó leig isteaċ
mé" adeir a leas-ṁáṫair. Leig
sí isteaċ ~~mé~~ í. Ṫosuiġ sí a' ḋul
an muinnteardhas léiṫi agus ní mórán
aċair gur buail sí ḋe'n tslait
ḋraoiḋeaċta í agus go ndearnaḋ sí
cat ḋí. D'fan a' cat ar a' teallaċ
go dtáiniġ na fir beaga isteaċ. ~~Nuair~~.
An ċéad triúr a ṫáiniġ isteaċ
d'aiṫniġ siad gur bí an bean a bhí
~~..~~ 'na cat agus cuir siad a bó bó
sna coillte. Nuair a ṫáiniġ an

ceacramaḋ fear isteaċ. D'fiarruiġ sé
ḋíob cé'n fáṫ caoiḋneaċáin a bí acab.
D'innis siad dó. "Leiġeasfaiḋ mise é
sin" adeir sé. Ċuaiḋ sé siar agus
fuair sé an tslaitín ḋraoiḋeaċta
agus rinne sé bean di. Bí sí ar
feaḋ ratóiċe eile ansoin arist agus
iad ag iarraiḋ uirċi an doras a
ċoingbeál ḋúinte. Ċuaiḋ an leas-
ṁáṫair go dtí an peictiúr an lá
seo "A bfuil aon ḃean ar ḋruim a'
ḋomain" adeir sí "is deise croiḋe
coise barr boise agus draḋ fiacal
ná mé" "Ó ~~casaḋ~~ cailleaḋ an
Ċraoibín Álainn". "Níl an Ċraoibín
Álainn caillte ċor a' biṫ" adeir
a peictiúr. "Nár rinne mé cuċ ḋí"
adeir sí. "Ná rinnir féin" adeir
a peictiúr "rinne an cab bean
arist di. Ċuaiḋ sí ċoim fada léiṫi
arist. Buail sí an doras agus d'iarr

92

sí a leigeann isteaċ. D'éirig an tuisean
agus leig sí isteaċ í. Ṫosuig sí a
muirneaś léiṫi. "Gaḃ leiṫ" adeir sí
" agus cuir do ċeann im uċt" Ċuir
agus nuair a fuair sí ina codlaḋ í
ċuir sí breaċán suain ina ceann
agus rinne crap i lár an urlár í.
'Sgearr go dtáinig an triúr fir isteaċ.
fuair siad caillte í agus ṫosuig siad
a caoineaḋ. Nuair a ṫáinig an
fear eile isteaċ "Céard tá orraiḃ"
adeir sé "an bean tá caillte"
adeir siad. "Ní seaḋ" adeir sé "aċ
breaċán suain atá innti." Ċuaiḋ sé
suas agus fuair sé gloine agus
ċuir sé ar a súil í agus connaic
sé an breaċán agus ṫarrtuig sé
aisti é agus d'éirig sí suas ~~agus~~
ċoṁ maiṫ agus bí sí ariaṁ.
Bí an bean ráiṫe eile arísṫ siúl
ḋá ndeoċaiḋ sí ag a' bpeacctúr

93

"ḃfuil aon ḃean faoi'n doṁan"
adeir sí "is deise caol coise, barr
boise agus déad fiacal ná mé ó
Cailleaḋ an Ċraoibín Áluinn." "Níor
cailleaḋ an Ċraoibín Áluinn ċor a
biṫ" adeir a peictiúr. "Nár ḃain
a cab an breaċán suain aisti." Nuair
a ḃí na fir a' dul amaċ a lá seo
"Seaċain" adeir a ceaṫramaḋ fear léiṫi
"má ṫeagann an ḃean sin ag a dorus
indiu a leigfeá isteaċ í" "agus" adeir
sé le's na fir "beiḋ mise a' dul ar
aiscir naoi lá indiu agus má
eiriġeann aon ḃlas ḋon ḃean sin
ná deanaí tada léiṫi aċ í ċur
isteaċ sa mbosca sin a ḃfuil an
cloigeann gloine air agus bíġí á
bréaṫnuġaḋ uiṫi go dteasfaiḋ mise
ar ais." Ní raiḃ ann aċ go raiḃ siad
imiġṫe amaċ nuair a ṫáinig an
ḃean ṁaċaír ag a dorus "leig isteaċ

94

mé" adeir sí. Nuair a ṫáinig sí isteaċ
ṫug sí ubla le n-ite dí. Nuair a bí sé
sin ite aici ṫug sí ceann eile dí
agus ansin ṫug sí ceann eile dí.
Ní raiḃ baramhail aici ar ċé aon
greim amáin nuair a ṫuit sí siar
marḃ ar an urlár. agus ṫuit an
t-ubla ar an urlár. Nuair a ṫáinig
na fir beaga isteaċ ní raiḃ acab aċ
í ċaoineaḋ agus í ċur isteaċ sa
mbosca agus a beiṫ á breaṫnuġaḋ uirṫi.
Maidin an naomhaḋ lá bí rí a' dul
ṫart agus ~~ceann~~ ṫug na fir beaga
isteaċ é á breaṫnuġaḋ uirṫi.
" Ní cailín atá sí sin ċor a' bíṫ"
adeir a rí. Connaic sé píosa de
ubla a ṫigeaċt as a béal agus ċairrig
sé amaċ é agus d'éirig sí aníar
aċ ní raiḃ sí i ndon labairt. Ní
raiḃ ann aċ go raiḃ sí eirigṫe nuair
a ṫáinig an ceaċramhaḋ fearrín.

"ṫug sí an tubal míne le n-iċe ḋuit"
adeirse. Ċuaiḋ sé siar agus fuair
sé foirtín íocslainte agus leiġeas
sé í. "Is doiġ" adeir an rí "go
dtiubrfaiḋ tú domsa í seo le
pósaḋ". "Tiubrfaiḋ" adeir an fear.
"Agus ní tuirseaċ ḋí atá muid
féin fós aċ is maiṫ liom aiċe ṁaiṫ
a ḃeiṫ aici." D'imṫiġ léiṫi agus
ṗós sí an rí. Nuair aḃí sé
'nam ag a leasmáṫair a ḋul
ag a ḃfeic ciúir ċuaiḋ sí aige. "A ḃfuil
aon ḃean faoi'n domhan" adeir
sí "is deise caol coise, barr
boise agus dréad fiacal ná mé
ó cailleaḋ an Craoiḃín Aluinn."
"Níl an Ċraoiḃín Aluinn caillte
ċor a' biṫ" adeir a feic ciúir."
"Cé ḃéaḋ a leiġeas í" adeir sí
"leiġeas a sglaḃaiḋe" adeir
a feic ciúir" agus tá sí posta

ag a' rí is saiḋbre faoin ḋoṁan".
" gaḃfaiḋ mé ċoṁ fada léiṫi aríst "
adeir sí. "Ní'l aon ṁaiṫ ḋuit ann"
adeir a' pictiúr "ní'l tú i n-don
aon blas a ḋeanaṁ ar a' mbean
sin níos mó." Dubairt na ~~sgbo~~
sgláḃaiḋe leis a' rí gan an ḃean
ḟógail gan arm láiḋir a ḃeaḋ a
tabairt aire ḋi. Ḃí siad pósta
annsoin tuairim bliaḋain nuair a
ċuaiḋ an ḃean ag a' bpicciúr aríst
agus d'fiafruiġ sí ḋe a raiḃ aon
baoġal uirti aon ṗaisde a ḃeiṫ
aici. "Tá" adeir a' picciúr "beiḋ
paisde aici anoiċt ~~...~~ mí a
mbáireaċ agus tá coileaċ annsoin
agus feudfaiḋ tú é ṫabairt le n-iṫe
ḋí agus tiubirfar na páisdí maiṫe.
Agus má ḟágann tú sceanf· an
fuil a ċuimilt ḋá béal cuimil agus
b'féidir go dtiubirfaiḋ a rí fuaiṫ

dí agus go marbóċaḋ sé í. "Ċuaiḋ
sí ann ansoin agus bí mac agus
inġean aici ag ċoṁair súile a raiḃ
acaḃ ann uiliġ agus ní raiḃ fios cá
nDéċaiḋ siad. Fuair an bean ṁáṫair
áille éiġinc uirṫe ansoin agus ċuimil
sí an fuil dá béal agus dubairt sí
leis a rí go b'é an caoi ar iṫ sí na
páisdí. Ṫáiniġ an bean ṁáṫair abaile
agus dubairt sí le na fear ~~go~~ an solus
ionntuġaḋ agus a inġean a ṫabairt
abaile go raiḃ ~~go~~ beirt páisdí aici
agus gur iṫ sí iad agus gur raiḃ
an rí le haġaiḋ ~~[illegible]~~ í a ṁarbuġaḋ.
Nuair a d'iompaiġ an fear an
solus labair ~~[illegible]~~ ábaiḋe an ~~lampa~~ solus
leis na firiní eile agus dubairt
sé go raiḃ an solus iompaiġṫe ag
fear a ~~lampa~~ solus a "agus cuirfiḋ mé
geall" adeir sé 'gur le haġaiḋ
rud éiginc a ḋéanaṁ ar

~~Clab~~ Craoibín Álainn a ċuir sé fios
orm". "Má seaḋ" adeir "an feairín
eile abair leis nac bfuil tú i ndon
é sin a ḋeanamh aċ abair leis
an ~~lampa~~ solus a ṫabairt ḋuit agus
nuair a ġeobfas tú an solus tabair
anseo a·m sa é." Nuair a ċuaiḋ
sé go dtí an fear. "Céard tá
uait" adeir sé. "Ní iugean a
ṫabairt uaiḋ an rí sin sul dá
ṁarbuiġ sé í". "Ní féidfaiḋ mise
é sin a ḋeanamh" adeir a sglábuiḋe
gan an solus a beiṫ agam in mo láim."
Ṫug sé ḋó an solus agus nuair a
fuair sé é ṫug sé ag a ḃfeairín
eile é. D'fan an leas ṁáċair go ceann
bliana arís agus ansoin ċuaiḋ sí
go dtí an feictiúr. "bfuil aon
ḃean faoin ndoiman ċoim breaġ
liom" adeir sí. "Cá'r fág tú an
Ċraoibín Álainn" adeir a feictiúr

"nac bhfuil fios agat gur deiseal na-
ṫú." "Caide go mbeiḋ sean páisde
aici" adeir sí. "Indiu níl a
mbáireach" adeir a peic-ciúr féadfaiḋ
tú ḋul ann agus coilleach a ṫabhairt
leat b'féidir go bhfaighfeá seans an
fuil a ċuimilt ḋí." Ċuaiḋ sí
ann agus sgiorr go rugaḋ mac beag
ḋí a raib fleasg óir ⁊ sgláir éadain
agus fleasg airgid i gcúl a ċinn agus
nuair a ṡíl sidh a ḋul ḋá nigeachán
ní raib fios cá ndeacaiḋ sé. Fuair
a' bean ṁacair seans uirṫi agus
ċuimil sí an fuil ḋí "nac b'é an
nós ar iṫ sí é" adeir sí. "Creidim
go b'é" adeir a rí. "Tá an seans
seo bícil" adeir sé "ac ná
ḋeanaim sí arís é ní gabfaiḋ
sé leiṫi." Ċuaiḋ an bean ṁacair
abaile agus i dtacmaic go leór faoin
sgéul abí aici.* bí sí ḋubac a'

100

bpeictiúr arís gur ḋubairt a peictiúr
léiċi go raib sí le hagaiḋ clainne arís.
"Teiriġ ċoin fada léiċi" aḋeir a peictiúr
"agus tabair leat a coilleaċ agus
ḋoiġfear a corus seo í" aḋeir sé.
Nuair a ċaiṫiġ sí ansoin agus a rugaḋ
an páiste breaġ nuair a cuadaḋ 'gá
nigeaċán ní raib sé le fagail. fuair an
leas ṁáṫair seans uirċi agus ċuir sí
an fuil ar a béal. ~~agus~~ "gá niceaċá
sí" aḋeir a rí "agus caiċfear teine
a ḋeanaṁ a mbaireaċ agus í a
ḋóġ". bí an leas ṁáṫair an-
áṫasaċ ansoin agus d'fan sí an
san oiḋċe go mbeaḋ sí a ċongṁáil
ḋon rí láir na báireaċ a faduġaḋ
na teine. Nuair a bí fios ag an
bfear a raib an solus aige go raib an
méid sin le deanaṁ "luiġiġ" aḋeir
sé le sglábuiḋe an tsolus agus
tabair leat an bean anseo agus

101

ṫabair leat an bosca sin ṫall agus leig
amaċ an méid atá istiġ ann go
marḃuiġeaḋ siad an méid a ḃeas
timċeall ar a' teine." D'imiġ
leis agus nuair a fuair sé ċuile duine
imiġṫe a ḟaduġaḋ na teine aċ
an ḃean óg sé leis í. Ċuaiḋ sé
ansoin agus ḃain sé an clár de'n
bosca agus d'éiriġ dá leoṁan amaċ as
agus ċonnuiġ siad an méid a ḃí timċeall
ar a' teine síos 'sa teine nó gur
dóġaḋ iad idir ḃí agus ḃean bolsgaire
agus a ṫaiḃ ann. Ċuir an sglábuiḋe
síos ar a' mbolsgaire ansoin go dtug
sé leis aḃaile a inġean agus a clann
triúr mac agus inġean (ba é an
sglábuiḋe a ḃí 'gá dtabairt leis) agus
ar ndóiġ ḃí neart áit ag a' mbolsgaire
dóiḃ arist go bráċ.

26/5/32

fuair an inġean an solus agus bosca na
leoṁan uaiṫ le beiṫ ṫabairt aire dí
go deo.

# An Giolla Deacraċ



Bí na fianna Éireann ċuile áit i nÉirinn agus bíoḋ siad a fiaḋaċ ċuile áit agus bí tiġṫe déanta ċuile áit acab. Ní raiḃ siad a fanaċt in aon áit amáin a·ḃíċ aċ gur in aice Binn Éadain a bí an comnuiḋe ceart acab. Bí cuid acab amuiġ a fiaḋaċ lá agus connaic siad fear ar ċruaḋ Binn Éadain agus síl siad naċ mbeaḋ aon Éirinn ann bí sé féin agus a ċapall ċoim mór sin. Bí siad a tairringt air go nDéċaċaḋ siad an cainnte leis. D'fiarruiġ siad cé hé no cé hoileán é. "Ċuala mé caint ariaṁ a deir sé ar na fianna Éireann agus níl mórán gaisge liom féin. Tá mé sásaċ maiṫ le breiṫniġaḋ orm, agus tá mé sásaċ maiṫ an fad is béas mé a siubal agus nuair a ṫuitfinn i mo ċodlaḋ níor ṁaiṫ liom mé ḋúiseaċt." ~~Coingb~~
"Coinġeoċaiḋ muide ṫú" a deir siad agus

ṫiubḟaiḋ muiḋ páiġ ḋuit féin mar is fiú ṫú."
"Caiṫfiḋ sib áit a ṫabairt ḋo mo ċapall
freisin" adeir sé "an aonfaċ le na gcuiḋ
caiple féin". "Déanfaiḋ sin" adeir siad.
Cuir siad an capall an aonfaċ le na gcuiḋ
caiple féin agus bí sé féin ag iniċeaċt an
aonfaċ leoṫab a fiaḋaċ agus ní raiḃ aon
fear faoi'n doṁan a déanfaḋ an oiread
maiṫeasa ḋóib leis aċ b'féidir go mbeaḋ sé
láċeannta nóċ n-eiriġeoċaḋ sé cor a biṫ.
Nuair a bíoḋ siad a fiaḋaċ ansoin ní'l
mórán áit in Éirinn nóċ mbíoḋ
cruinniġaḋ acab. Ní fanfaḋ mórán
acab 'sa mbaile aċ an oiread is
bíoḋ a fairead an costa aċ is
an aonfaċ leis an ċuiḋ acab a
d'fanfaḋ 'sa mbaile a bíoḋ a Giolla
Deacraċ. Bí sé i ngar a beiṫ
bliadain ann ansoin agus d'éiriġ
Conán amaċ lá agus connaic sé
capall an Ġiolla Deacraċ ag iṫe na

104

gcaiple eile. "Is olc a ṫalta é seo a
ṫáinig againn" adeir "aċ bainfiḋ
muse sásaiṁ ḋe". Ċuaiḋ ċeiṫre
feara déug aca a marcuiġeaċt ar
a' gcapall". "Ċuala me caint ariaṁ
ar na fianna" adeir a giolla deacraċ
"go raiḃ dliġeaḋ maiṫ aca aċ is
aca áta an dliġeaḋ is measa a
ċonnaic mé ariaṁ" adeir sé "ceiṫre
feara déug aca a ḋul a marcuiġeaċt
ar capall". Ṫáinig sé féin amaċ
ar aġaiḋ an ċapaill agus ċuir sé
a ḋá láiṁ suas as a ċionn agus
ṫosuiġ sé a riṫ agus ṫosuiġ an capall
a riṫ ina ḋiaiḋ agus níor stop sé
a riṫ go ndeaċaiḋ sé i bfairrige agus
lean a capall é. Bí doċúr ag na
fianna agus ní raiḃ fear a ḃí
aca a b-fearr ná é sé a bíoḋ
ag imseaċt ċuile sórt ḋóiḃ agus
nuair a ċonnaic sé an capall a' riṫ

lean sé í agus ṫáiniġ sé suas léiṫi
go díreaċ mar ḃí sí dul i bfairrge
agus rug sé ar ḋrioball uirṫi ceapaḋ
go stopfaḋ sé í agus greamuiġ sé
ḋón ḋrioball. Bí cúig feara déug acab
imṫiġṫe agus ní raib fios cá ndeaċaḋ
siad. Nuair a ṫáiniġ a ċuid eile ḋe na
fianna ansoin ní raib aon duine
~~Raib~~ rúṫab mar a raib triúr nó
ceaṫar agus dubraḋ leoṫab go b'sin
é an rud a rinne an Giolla Deacraċ.
" Níl aon neart ḋúinn-se air " adeir
Fionn. " Níl fios againn cá bfuil siad.
Níl fios againn naċ fear as tír
na nÓg a ṫáiniġ dá dtabairt leis.
Dá mbeaḋ fios againn cá bfuil siad
gabfaḋ muid dá dtóruiġeaċt ".
Ní móran aċ air ansoin go dtáiniġ
fear ċom fada leoṫab. D'fiafruiġ
siad ḋe cé hí nó cé hé nó cé
bollean é agus " ní maiṫ liom

duine a bíṫ a beiṫ teaċt ċoṁ fada
linn" adeir siad. "Sé'n sórt fear
iusé" adeir sé "duine atá i
ndon soiṫeaċ a ḋéanaṁ seaċtṁain".
"Is cuma an fear atá a teastáil
uainn" adeir Fionn "agus tá sé
ċoṁ maiṫ ḋuit deifir a ḋéanaṁ
leiṫi" adeir sé má tá tú i ndon
í ḋéanaṁ". Ċuaiḋ siad ag
obair uirṫi agus bí sí déanta a
acab i ndon a ḋul amaċ ar a'
bfairrge faoi ceann seaċt~~aine~~ ṁaine.
Ní raiḃ fios acab ansoin cé dtiubrfaḋ
siad a haġaiḋ. Ṫáinig fear ansoin
ċoṁ fada leóṫab. D'fiarruiġ siad
ḋe cé sórt duine é féin. "Sé
sórt duine iusé" adeir sé "ní
deaċaiḋ mé a tóruiġeaċt aon
~~b~~ blas airgid naċ bfaġainn". "Is cuma
an duine atá a teastáil
uainn" adeir Fionn. Seól siad

leóċab ansom agus dubairt an
fear go bfaigfeaḋ sé féin amaċ
ċuile bealaċ dá ar muiniġ an
giolla Deacrac. bí siad a seólaḋ
leóċab ansom aċ sgeaṙṙ gur
dubairt fear an éduis "tá sé
dul amúḋa orm" adeir sé.
"Dona go leór" adeir fionn. bí an
oiḋċe a' tuitim orṙċab agus sgeaṙṙ
go bfaca siad aill. Táinig siad isteaċ
faoi bun na haille agus ní baoġal
a bit go raib crann a' tsoiciġ a
sroiceaḋ barr na haille. bí siad
ann agus ma' bí féin ní raib aon
ċor ann aċ an oireaḋ le céib
a' bit. "Sabfaiḋ mé go barr
crainn" adeir Diarmuid "agus
tiubrfaiḋ mé liom ropa agus ~~sabfaiḋ~~
caicfiḋ mé amaċ é bfeidir"
adeir sé "go bfaigfeaḋ sé greim
an áit eicinc agus ma' fágann

108

ġabfaiḋ mé amaċ." Ċuaiḋ sé
suas agus ~~ċeang~~ sé leis a ċuid
airm claiḋme agus sleaġ. Ċuir sé
amaċ an rópa agus ċuaiḋ sé amaċ.
Ḃí sé siubal leis agus faċas do
bfaca sé mar béaḋ teaċaín beag
agus sé isteaċ. Ḃí bean ann agus
ċuir sí céad míle fáilte roiṁe Diarmuid.
D'freagair Diarmuid í. "bfuil fios agad"
adeir sé "cé'n calain é seo a bfuil
mé air nó cé'n tainm atá air".
"Tá na Soraċaí" adeir sí. "Ból"
adeir sé "tá muid ag imṫeaċt
ar ċoruiġeaċt fir a tugaḋ dainn"
adeir sé. "Ní ann seo atá siad"
adeir sí. "Seoḋ ríoġaċt mór"
adeir sí agus tá ríoġaċt eile
síos faoi. Ac anois" adeir sí
siubalfiḋ tú go gcasfar tobar
ort agus má tá aon reaċt ort
tpéar ort sgarr go mbeiḋ fios agad

109

é. Tiocfaiḋ faċaċ an tobair. Tá
clann rí na Soraċaí agus tá
duine acab síos agus an ceann
eile ṡuas agus tá siad a ḋul a
ṫroid le céile agus tá faiċtaċ ag
ċaon ḋuine acab. Agus má fanann
ṫusa ag a' tobar tiocfaiḋ an faċaċ
ċoṁ fada leat agus ní mór duit
a ḃeiṫ i cfear uait" adeir sí.
féudfaiḋ tú ḋul ann anois agus
cébí uair a ḋ'imṫiġeoċas an
faċaċ uait beiḋ tú sáṫaċ loċuiġe
agus teada ċoṁ fada liomsa agus
leigeasfaiḋ mé ṫú." D'imṫiġ
leis agus ċuaiḋ sé ċoṁ fada leis
a tobar agus fuair sé an ḋaire
agus ní faca tú aon cárt ariaṁ
mar bí air agus d'ól sé deoċ
agus uair a ḋ'ól sé an cuisge
féicear ḋó go dtáinig an oirread
eile neart ann. Rinne sé ~~[illegible]~~ caine

ċeap ansom. Ṫug sé leis boġa
saiġead agus marḃuiġ sé fiaḋ.
D'feann sé é agus róst sé é agus
d'iṫ sé an méid a d'féad sé
ḋé. ~~Ann~~ Ḃí sé an oiḋċe ansom
agus luiġ sé síar agus ṫuit sé
ina ċodlaḋ gar airiġ sé an lá
a teaċt. Nuair a ḃí sé ina lá
ansom d'eiriġ sé agus marḃuiġ
sé fiaḋ eile. Bruiġ sé é agus d'iṫ
sé é. D'ól sé a ḋóṫain uisge.
ansom agus nuair a ḃíoḋ sé ag ól
an uisge a gcomnuiḋe d'airiġeaḋ
sé an torann agus ní ḃíoḋ fios
aige cé as a mbíoḋ sé a teaċt.
Cuaiḋ sé ansom go gcuarcuiġeaḋ
sé an ~~tobar~~ taoḃ eile d'en tobar.
Ní raiḃ sé a ḃfaḋ ruiṫiġṫe ó'n
tobar nuair a connaic sé an
faċaċ ag eiriġ aníos as.
Ṫosuiġ an faċaċ a siuḃal aige

agus ní faca tú aon fear ariamh
a ḃí níos gleoite ná é. "Fú fá
fiasóg" adeir sé "fágann balaiċ
an Éaranaiġ bréagaiġ bradaiġ is
mór liom ḋe ġreim tú is beag liom
ḋe ḋá ġreim ṫú níl fios agam
céard a ḋéanfas mé leat." "Níl
huse a ḋean aon tada ort"
adeir Diarmuid. "Táir" adeir a
faċaċ tá tú ag iṫe mo ċuid fiaḋanna"
agus ag ól mo ċuid uisge". "Má táim"
adeir Diarmuid "bain ċupa a ṡásaim
ḋíom." Ċosnuiġ siad a ġabáil ḋe ḋá
ċlainne ar a ċéile ansoin. Ní raiḃ
fios cé acab fear a' bfearr ná ba
dona go raiḃ sé ma árd tráṫnóna
agus nuair a bí sé ma árd tráṫnóna
ní ḋearnaiḋ an faċaċ aċ a ḋul
síos sa tobar. Bí Diarmuid
lotuiġṫe ansoin agus bí ocras
air. Marbuiġ sé fiaḋ agus nuair

Cuir sí íoc slainte ar
agus leiġeas sí é.

112

aḃí sé iṫte aige ċuaiḋ sé ċom
fada leis a mbeann. "Is áit a fear
ṫú" adeir sí "síl mé naċ raiḃ
aon ḟear faoi'n doṁan naċ
marḃóċaiḋ an faṫaċ sin, tiocfaiḋ
tú ċom fada liomsa arís san
oiḋċe amḃáireaċ" adeir sí "agus
sin é a bfeicfiḋ tú mé níos mó.
Anois" adeir sí "ċimbrfainn sé
neart le n-iṫe is le n-ól duit
aċ níl aon ṁaiṫ ḋuit ann
is fearr ḋuit an tobar oibriuġaḋ
agus na fiaḋamna." D'imiġ leis
ar ais agus ṁarbuiġ sé fiaḋ eile
agus d'iṫ sé a ṁór ḋóiṫinn de
agus ċuaiḋ sé a ċodlaḋ go
maidin lá ar na ḃáireaċ. Ar
maidin d'éiriġ sé agus ṁarbuiġ
sé fiaḋ eile agus d'iṫ sé.
D'airiġ sé an sneaċaíl a teaċt
ṫríd a tobar. Nuair a ṫáiniġ

a ḟáċaċ aníos d'iompuiġ siad a
ċéile agus bí siad a dul dá
ċéile go raiḃ sé ina ḋeireaḋ
lae agus nuair a d'éiriġ an ḟáċaċ
é féin tuirseaċ ṫug sé an
tobar síos ar féin. bí Diarmuid
sáċaċ loċuiġṫe ansoin. Ṫáiniġ
sé ċoin fada leis a ḃean. Ċuir
sí an íoċslainte air agus leiġeas
sí é. Nuair a bí sé leiġeasta
aici ansoin ṫug sí braon de'n
íoċslainte ḋó i mbosca agus
dubairt sí leis é ċoinġbeál "agus
ní ṫiocfaiḋ tú ċoin fada liomsa
níos mó" adeir sí. Ar ḃpoinnte
agus ġabfas tú a ċroiḋ leis a
ḃfoċaċ a mbáireoċ brisfear do
ċlaiṁe. Nuair a ~~ḃf~~ ḃrisfear
fáisg isteaċ faoin ḃfáċaċ agus
ċuir sa tobar é. Ceapfaiḋ tú
naċ mbeiḋ tú síos go bráċaċ

114

ann aċ nuair a ḃeas tú síos
sáṫ leis a tsleaġ é agus tairriġ
an claiṁe as a láiṁ agus ní mór
ḋuit é mar beiḋ na sluaiġte
cruinniġṫe ort an uair sin.
beirt ḋreáṫar liomsa atá síos
ansoin aċ ní'l mise a' ḋul ċoiṁ
fada leóṫab mar tá níos mó
ríoġaċt a'msa ná tá aċabféin
aċ maróċ go ḋtáiniġ tusa
ċoiṁ fada liom ba ġearr é do
ṡaoġal. beirt ḋreáṫar liomsa atá
síos. ní raiḃ agam aċ an beirt.
fáġaḋ an ríoġaċt ús ag an gceann
is sine agus an ríoġaċt síos ag an
gceann eile. Tá an ċuiḋ is mó
ḋe'n ríoġaċt síos bainte ag an
gceann is sine ḋe'n ċeann is
óige. Tá ~~[illegible]~~ séiséar mac ag
an ḋreáṫair is sine agus mac
leis an faṫaċ. Ní'l ag a ḋreáṫair

eile aċ inġeanaċa uilig. Nuair a
ḃeas an faiċe marḃuiġṫe a'd sa
beiḋ na sluaiġte cruinn ort agus
iompuiġ iad sin agus nuair a ḃeas
siad sin marḃiaḋ agat siuḃal leat
an taoḃ eile de'n ríoġaċt mar
castar ḋó'n ḋreaċair eile féin
ċí ní ḋeanfaiḋ sé aon ḃlas
ort." Nuair a ḃí Diarmuid ag
imṫeaċt ċaiṫ sí suas agus ṫug
sí craoḃ anuas. "Seo duit í seo"
adeir sí "seod í craoḃ ġlas an
Eoluis. Eolus a' biṫ a ḃeas a
teastáil uait níos mó beiḋ sé
a'd féin." Buail sé leis an
sin go dtáinig sé go dtí an
tobar agus marḃuiġ sé fiaḋ.
Ḃí sé 'na ṡuiḋe ar maidin agus
fiaḋ eile marḃ aige agus a ḋóiṫin
uisge ólta aige nuair a d'airiġ sé
an tabairnéis arist. Ṫáiniġ an

faċaċ aige agus d'ionnsuiġ siad a ċéile.
Ní raiḃ trí buille tairrinġṫe acaḃ ar
a ċéile nuair a ḃris Diarmuid a ċlaiṁe.
Nuair a ḃris ruġ sé ar a ḃfaċaċ agus
ċuir sé tine ann agus ċuireaḋ
an beirt acaḃ sa tobar. Ḃí siad
i ngreim ina ċéile go raiḃ siad
síos agus nuair a ḃuail siad talaiṁ
ċuir Diarmuid a' csleaġ ann agus
ċairrinġ sé an claiṁe uaiḋ agus
baiṅ sé an claiṁe ḋe. Ḃí
cruinniġṫe ar an sonn dubaḋ na
gcruiċ agus breoċaḋ na n-gleannṫa.
D'ionnsuiġ sé iad agus ṁarbuiġ sé
ar fad iad. Nuair a ḃí siad marḃ
aige ní raiḃ duine ḃiċ beó le
feiceál aige agus ṫosuiġ sé a siubal
leis go dtáiniġ sé ag coill. Ċuaiḋ
sé isteaċ sa gcoill agus suiḋ sé
síos faoi bun an ċrainn ba
ṁaiṫ dá ḃfaca sé a ceapaḋ go

ḃfaiġfeaḋ sé fosga ó'n scoirm agus
ċuit sé 'na ċoḋlaḋ. ḃí sé 'na
ċoḋlaḋ ansoin ar feaḋ na hoiḋċe
agus ar maidin d'airiġ sé an claiṁe
dá ḃualaḋ amuiġ ar a claiṁe
féin. ḃreaċnuiġ sé suas agus ċonnaic
sé an fear ba ḃreaġṫa dá ḃfaca
sé ariaṁ. ḃí sé ag éiriġ de léim.
"Éiriġ go réiḋ" adeir a fear 'ní
náireaḋ a ḃiṫ ḋuit inniu". "Sin
é an ċaoi is fearr liom é" adeir
Diarmuid. "Is aiṫ a fear tú"
adeir fear. "Leanaim uait liomsa
anois tá gnó mait déanta a'd
sa moḋ." Ṫug sé leis é go
dtug sé isteaċ é i gcúirt
ḃreaġ óráilte. Ṫug sé suas go barr
a tiġ é sin áit a raiḃ áit aige
le ḋul síos. "Gaiḃ síos anseo
anois" adeir sé. Ċuaiḋ sé
síos agus ċuir sé 1alaċ air é

féin a ningeaċáin agus nuair a ḃí sé
nigṫe ní raiḃ aon loċ air naċ raiḃ
bigeasta. Ċuaiḋ sé isteaċ sa áit
eile é ansoin agus ċuile sórt a ḃí
le n-iṫe ag rí na ag prionsa ḃí
sé ann gur iṫ sé a ḋóṫain.
Ċuaiḋ sé isteaċ i seomra eile ansoin
a ḃí lán le mná agus a gléas
ceóil féin ag ċuile ḋuine acab a
ḋeanaṁ slamsa ḋó. Nuair a ḃí
a ḋóṫain slamsa aige duḃairt
a fear leis a ḋul a coḋlaḋ nar
ṁór ḋó coḋlaḋ a ḋeanaṁ. Ċuaiḋ
sé suas é agus ċuir sé a coḋlaḋ
é. Nuair a ḃí sé istiġ sa leabaiḋ
ansoin "Sin iad fir mo ḋeaṫar sa
a ṁarḃuiġ ṫusa" ~~agus~~ adeir a fear
agus tá sé ag iarraiḋ ṫusa a
ḋíbirt as an áit". "Nuair a ḃeas
mo ḋóṫain codluiġṫe agamsa"
adeir Diarmuid "Díbreóċaiḋ ṫusa

119

~~inps~~ éirean. Nuair a ḃí Diarmuid
na ċeiṫre lá imiġṫe. "Dá mbeaḋ
sgéal a ḃiṫ ag Diarmuid" adeir
Fionn "ṫiocfaḋ sé ar ais aċ
creidim gur marḃ atá sé agus
is fada a leig muidṫe." Siubal
siad amaċ as a' soiṫeaċ agus ḃí
siad a siubal leóṫab go dtáinig
siad ag a' tobar. Ċonnaic siad
a claiḋṁe agus ċonnaic siad
píosaí de ṡlaḋ caiṫṫe anonn
is anall. "Sin é claiḋṁe
Diarmuid" adeir fear an
eóluis agus sin é an áit a mbíoḋ
sé ag iṫe aċ níl fios a'm ga
céil sé imiġṫe." "Deunfaiḋ
muid ar an agaiḋ" adeir Fionn.
Ṡiubal siad leóṫab gur casaḋ fear
leóṫab ċoṁ breaġ agus ċonnaic
siad ariaṁ. ~~Ar~~ a bponnce agus
a dtáinig sé suas le Fionn

ċraiṫ sé lámh leis. D'fhiafruiġ sé
díob cá a dtriall ná a dtairringt.
D'innis siad dó gur tugaḋ fir
uaċab agus gur ċuir siad fear
amaċ ċeiṫre lá ó ċoin agus náċ
bfuair siad aon tuairisg air.
“Bfeidir go bfaiġfeaḋ sibh é” adeir a
fear. “Ní ḟaca mise é aċ tá
sé ċoin maiṫ díb a ṫeaċt ina
tiġ liom.” Buail siad leóṫab go
dtuig sé isteaċ i gcúirt breaġ mór
aċ bí bealaċ fada acab a ḋul
faoi-ṫalam. Bí bord ag a ċéile
leagaḋ béilí ṫabairt dóib. Nuair abí
siad réiḋ leis a mbéilí anois ṫáiniġ
fear isteaċ agus bí sé faoi ṗuiceóċ
ó mullaċ a ċinn go bun a ċoise.
D'fhiafruiġ an rí de céurd abí air.
“Bí ċupa a fágailt faoi réir” adeir
a fear “tá árd rí an domhain
ysciġ ar an oileán a tógáil seilb.

air." "Céard tá aige" adeir a rí. "Tá
fead tamaire tigṫe i dtír le
soiġṫí dubia" adeir a fear.
"Bíod" adeir Fionn "sin é an
taistir naċ neirżóċaiḋ leóċab".
Níl duine i ndon aon blas a
ḋeanaṁ" adeir a rí "tá mud
fir uilig marb." "Céard a ṁarbuiġ
iad" adeir Fionn. "Fear eicint a
ṫáiniġ ar an oileán" adeir
sé "agus tá sé an aon ḟoċ leis
a rí eile atá ar an oileán agus
tá faitċios orm go marbóċaiḋ sé
mé féin freisin." "Ní ṁarbóċaiḋ
aon duine ṫú" adeir Fionn
"go bḟágfaiḋ muid an toileán."
Ṡiubail siad amaċ. Ar a bpoinnte
is a bḟacas na Fianna ċuġ siad
na soiṫiġ orra ċuab féin. "Tá muise
rad lib" adeir Fionn "gan an
ríoġaċt seo a ṫaobaċċál arís

122

go bráth i meall na i ndéanamh"
agus ceithre cé hiad féin d'imthigh siad.
D'fill na fianna ar ais ansoin
go bhfuair siad béilí eile. Nuair
abhí an béilí ithte acab "tá sé
chomh maith duit" adeir Fionn má
tá rí eile ar an oileán muid
a thabhairt chomh fada leis go
bhfeicfid muid a bhfuil d'iarraidh
aige." "Cé hiad na fir eile atá
sib a chur ar tigeacht" adeir sé.
"Cúig feara déag a chuig fear a
dtugann siad a giolla deachraigh
air uainn" adeir Fionn. "Ní
giolla deachraigh atá air sin
chor a bith" adeir a fear "i
dtír na nGealt atá sé sin
agus níl as tír na nGealt é
ach an oileán ach as tír na
Dé Danann agus tá droch bailigh
ar thír na nGealt aige. Ach níl

123

ḟios a'm sea mórán faoi" adeir
sé "aċ muinḃeóċaiḋ an fear a
ḃfuil Diarmuid aige ċuile rud
ḋíb faoi." D'imṫiġ leóċab ansoin
agus ċé nós a raiḃ Diarmuid aċ
a teaċt é féin agus a ~~mór~~ rí
eile agus a mór ṡluaiġte go
mbainfeaḋ siad a ríoġaċt ḋe'n
rí eile. "Cá'l tú ḋul a Diarmuid"
adeir Fionn. "go mbainfiḋ mé
an ríoġaċt ḋe'n rí eile sin"
adeir Diarmuid. "Naċ mbeaḋ
na Soraċa caillte uilig agaiḃ
marach mise" adeir Fionn.
"Tá cupa an tfear niaiċ
codlaḋta a Diarmuid" adeir
Fionn "nuair ḟágaim tú codlaḋ
le deaṁain" "Céḃrí codlaḋ
a rinne mé" adeir Diarmuid
ḃí mé im fear niaiċ
ariaṁ." "Tuige naċ deaċaiġ

124

tí ar ais againn" adeir Fionn.
"Beiḋ muid sáṫaċ luaiṫ" adeir
Diarmuid. "Is mór an obair
díb a ḋul ċoin fada leis na
fianna eile" adeir an Rí óg
féin áit a bfuil siad istiġ i
ngáirdín faiċaiġ ina ġeuiġ ċloċ
déiġ aċ feiceann tusa iad
a Ḋiarmuid." "Feicim"
adeir Diarmuid. "Teiġre
ċoin fada leoċab" adeir sé
" agus maróiġ an faiċaċ agus fáġ
an tsleiġín ḃlaoiḋeaċt agus an
claiḋeaṁ solais agus poicín na hioeslimce
nead agus nuair a ḃeas siad laigeasca
aḋ gaib ċoin fada leis an ngiolla
deacraċ. Rinne siad sioċċántóir
na ríġte agus ṡeólamar leoċab go
ndeaċaiḋ siad go dtí tír na
nGealt. Ba gearr an níoll ar
Ḋiarmuid a ḋul ann mar bí

ċuile ḟios aige. Nuair a ċómuiġeadar
i dtír ~~go~~ níor stop siad ariaṁ
go ndeaċadar suas i gcúirt a bí
ann. Nuair a ċonnaiceadar
sin a teaċt iad bíodar ·
sgannruiġṫe mór ní raiḃ
Comairle a·biṫ aga a'rí ann.
Is ag an nGiolla Deacraċ a bí
ċuile ċomairle agus é ina ḋraoireadóir
ann. fiafruiġeaḋ ḋíob cá raiḃ siad
a ḋul. Dinnis siad ḋóib. "nać
bḟuil ḟios agaiḃ" adeir bean a bí
ann "duine a·biṫ a ṫiug sé
sin leis gur cuma ḋó é."
"bḟuil gairdín na bḟeaċaiġ a bḟad
uainn anseo" adeir Diarmuid.
"Tá sé ró ġar ḋúinn" adeir
a bean "mar tá muid fágṫa
ar ḋá bó bainne aige." Tiubṙfaiḋ
sib ḋomsa na dá bó sin i
mbáireaċ" adeir Diarmuid go

gcuirfiḋ mé isteaċ sa ngairdín
iad." Ṫug sé leis gar ċuir sé
isteaċ sa ngairdín iad. Sgearr
go dtáinig a fuiṫaċ "fú, fu, fiasóg
adeir a fuiṫaċ "faġaim bálaiḋ
an Eireannaiġ bréagaiġ bradaiġ
ní'l fios aim ar ḋe barrúlaċa mo
ḃróga a ċuirfeas mé cú mí ḋe
smúdar ~~mo~~ roir mo ḋá láim."
D'iompuiġ siad a ċéile agus ní
mórán a bí Diarmuid a ḋéanaim
ḋe go dtáinig a spideóg "cuigl
naċ gcuimniġeann tú ar a gcraoiḃ"
adeir sí. "Cuimniġ Diarmuid ar
ċuile rud ansoin agus ċuir sé
an fuiṫaċ sa talaim "Talaim
as ḋo ċloinn a bodaiġ" adeir
sé. "Ċtoim go b'eaḋ" adeir a fuiṫaċ
ginbéarfaiḋ mé an tslaitín
ḋraoiḋeaċt ḋuit agus n'eaċ
caol ḋuḃ agus mo ċlaiḋeaṁ soluis

127

agus poitín na híocslainte aċ
beiġ ag seo me'." "Cé' naiḋ me'
iad" adeir Diarmuid. "Sa tarġ
mór sin ṫall. Fuair Diarmuid
iad. "Cá fios domsa abfuil maiċ
a biṫ leis a ~~zz~~ tslaitín" adeir
Diarmuid. "Triáil ar na ~~hargeai~~
hagaisín sin iad" adeir a faċaċ.
Ṫriáil agus rinne sé na fianna
beó. Ḃain sé an claiḋeam de'n
faċaċ. Cuaiḋ siad ċoim fada
leis an gceárdċa ansoin agus fuair
sé an eaċ Caol Duḃ. Ṫug sé
suas an ċeárdċa do'n Rí ansoin
" agus tá muiḋe a' dul a ṫabairt
an Giolla Deacrac linn go hÉirinn"
adeir sé "agus ní feicfiḋ tú
d'an amarc arís go deó air."
Fuair siad greim ar a' nGiolla Deacrac
ansoin agus ċuir sé ialaċ a' dul
amaċ sa bfairrige roimhe an

128

tSoiceaċ agus ċúig feara déag
'dá ċuid fir féin a ċuir ~~amaċ~~
sa a marcuiġeaċt ar a gcapall
agus í ċuir amaċ roimé an
tSoiceaċ freisin go dtáinig
siad sa spota céudna ar
fág siad agus ċuaid Diarmuid
amaċ as a soiceaċ ansoin agus
rinne sé cloċ a díob.
D'fág siad tír na nGealt agus
na Soroċaí saor.
Tá an giolla Deacraċ agus an
capall agus a ċuid fear ina
gcloċa ag binn Éudain fós.

29/5/32

hIorruaide

# Mac Rí na hUrċú

Ḃí an rí ann agus ḃí cuile rud dá feabas aige san Urċú é féin agus a banríogan. Ḃí mac is inġean aige agus iad ina dá bpáisde an mac cupla bliadain agus an inġean bliadain no mar sin, í ina páisde. Ḃí sé dá ḃoċtaḋ anuas ansin go raiḃ sé sa deire mar ḃeaḋ fear oibre a' ḃiṫ amuiġ ag iarraiḋ a ḃeaṫa a ṡaoruġaḋ. Ac lá ḃí sé amuiċ ṫáiniġ fear beag ċoṁ fada leis. "Céard tá tú ḋéanaṁ" adeir sé. "Síl mé gur rí tú" adeir sé. "Ḃeaḋ" adeir sé "ac boċtuiġeaḋ anuas mé agus caiṫfiḋ mé obair a ḋéanaṁ anois uiṫ sórt

fágaltas a ḃí a.m le go bféudfainn
fear a ḃí a ċur ag obair mar ḃí
cleaċtaḋ a.m." "Níl céard a
ṫiubfá dompa" adeir sé "Dá
nDéanfainn ṫú ċoin saiḋbir is
ḃí tú ariaṁ" "Níl sórt ruḋ a
ḃí a.m le tabairt duit" adeir
sé. "Déanfaiḋ mise ṫú ċoin
saiḋbir is ḃí tú riaṁ" adeir sé
'má ṫugainn ṫú dom an ċéad
ruḋ a ċasfas duit nuair a
ġabfas tú abaile". "Déanfaiḋ sin"
adeir an rí "ṫiubfad". "Bí sáḋar
ag an rí ansoin. Agus sé 'n ċéad
ruḋ a ṫagaḋ roimhe a gcomhnuiḋe
é agus ṡíl sé go mbéaḋ an céad
ruḋ a ṫiocfaḋ roimhe é agus
ní raib suim a bíċ aige mar
sin an céad ruḋ a ṫiocfaḋ
roimhe a ṫabairt uaiḋ. Aċ nuair
a ḃí sé a teaċt ag a teaċt agus

é a súil go dtioċfaḋ a gadaiR
roiṁe a gcoṁnaiḋe. ní raiḃ sé
a teaċt agus ní raiḃ aon rud
a teaċt roiṁe go raiḃ sé
ḃfoisgeaċt cupla coisméig don teaċ
agus d'éirig an mac amaċ roiṁe
agus rug sé ar usgaḋaiḃ air agus
é 'na ṗáisde. ḃí croiḋe an rí
briste ansom agus ceap sé go
'na aisteaċ an rud aige le
deanaṁ é. ḃíoḋ sé uaireannca
ansom agus nuair naċ raiḃ an
fear seo a teaċt ṡílfeaḋ sé
gur duine eicint a ḃí a teaċt
a magaḋ faoi é. faoi ḋeire
ansom rinne sé neaṁ ṡuim
faoi. faoi ċeann leiṫ ḃliaḋain
ansom ṫáinig sé isteaċ lá agus
ċuaiḋ sé isteaċ sa seomra
ba ṫinn a ḃí aige agus fuair sé lán
le ór é. níor ḟan hamp a ḃiṫ

ann ansom, b'aoilfaicciof é.
~~D'imṫig leis, agus d'éirig sé suas~~
ṫáinig a fear ċoṁ fada leis ansom.
"Caiṫfiḋ tú an mac a ṫabairt dom
sa" adeir sé. "Cén uair a' ċaiṫfeas
mé é ṫabairt duit" adeir a rí.
"Ní ṫiubrfaiḋ me uait é" adeir
sé go mbeiḋ sé 'na fear agus
beiḋ sé 'na fear ċoṁ maiṫ is
ḃeas faoin domhan nuair a ḃeas
sé dá ḃliadain déag. D'imṫig leis
ansom agus ḃí an rí ag éirig suas
arís agus ḃí an mac ag éirig
suas 'na fear breag. Nuair a ḃí
an mac bfoisgoċt leaṫ ḃliadain
do na dá ḃliadain déag ṫosaig
an rí ag briseaḋ croiḋe agus
d'fiarruig an mac de céard a ḃí
air. D'innis an rí dó. "Ní ġabfaiḋ
mise leis" adeir sé. "Caiṫfiḋ tú"
adeir a rí "caiṫfiḋ mise ṫú ṫabairt

133

ḋó". "Déan soiṫeaċ ḋom sa"
adeir sé "agus imṫiġeoċaḋ mé."
D'imṫiġ leis agus rinne sé an
soiṫeaċ agus nuair a bí sí
gléasta suas le ḋul ina
fairrge bí lán na báirceoiċ
la Cáirde an ḟir ḃig le
ṫeaċt. "D'imṫiġ leis ar maidin
an lae sin go moċ ar maidin:
ḋá moċaiġ ḋa'r éiriġ an lá is
moiċiġ ná sin a d'imṫiġ an
mac na soiṫeaċ. Ní raiḃ
ann aċ go raiḃ sé imṫiġṫe
nuair a ṫáiniġ a ḟear beag.
"Cá'il do ṁac" adeir sé. "Tá
sé imṫiġṫe" adeir a rí. "Ḃuel
báiṫfiḋ mise an soiṫeaċ" adeir
a fear agus gaḃ amaċ go
ḃfeicfiḋ tú mé ga báṫaḋ.
Ṫug sé amaċ an rí agus dubairt
sé go mbáiṫfeaḋ sé an soiṫeaċ.

"Cuirfiḋ mise pian ar do ċroiḋe"
adeir sé uair nár ċomnuiġ tú
an mac ḋom." Ar a bpronnce
bosce agus ar ḋiubairt sé é seo
Ċonnaic an rí an soiṫeaċ a
ḋul síos faoin bfairrige. Ḃí
an mac a seoladh leis a gcomnuiḋe
aċ síl a ṫaṫair go raiḃ sé
báiṫṫe. "Anois" adeir a fear
"tá an mac imṫiġṫe uait-se
agus ḃí sé ċóm maiṫ ḋuit é
ṫabairt ḋom agus is cuma
liomsa é aċ é beiṫ imṫiġṫe
uait-se." Níor stop a soiṫeaċ
ariamh aċ ag imṫeaċt leis an
oiread siubail go raiḃ an fairrige
troiġ as a cionn. Ní raiḃ fios
aige cá raiḃ sé a ḋul aċ é
dá coimeád díreaċ go dtáinig
sé i gcéiḃ i dtír nan ġealt.
D'eiriġ sé amaċ as a' soiṫeaċ

135

anoir. Ṫáiniġ sé isteaċ i gcúirt
ḃreáġ. D'éiriġ bean aniar as a
seomra agus ċuir sí céad
míle fáilte roimhe mar rí na
nÚrċú "agus is fada mé ag fanaċt
leat" adeir sí "le dá bliadain
déag. Nuair a dubhairt sí an
méid sin leag sí anuas bord
dá feabhas de rud a bhí a
bhféadfadh fear a bhí suidhe
isteaċ aige. Nuair a bhí a
béili iṫte aige "Caiṫfidh tú an
ċúirt seo a faire anoċt" adeir
sí agus san oiḋċe a mbáireaċ
agus san oiḋċe arú a mbáireaċ
agus sin é an uair a bhféadfas
mise do pósadh, tá mise faoi
draoiḋeaċt. Ní mór duit a ḃeiṫ
in ṫfear maiṫ aċ ċeap mise
naċ raiḃ fear a bhí faoi'n
domhan ċoin maiṫ leat. Seobfaidh

tá an oiḋċe anoċt réiḋ go leor
aċ an dá oiḋċe eile beiḋ tú níos
dona aċ b'ḟéidir go mbeurfainn
beo ar maidin ort." Nuair a
bí leaṫ na hoiḋċe caiṫte ṫáinig
seisear bodaċaí móra isteaċ
agus a gcuid airm acab agus
ṫosuiġ siad a' gabáil air
agus ṫosuiġ ṫosuiġ sé a' gabáil
orṫab. Ní mórán triála a biṫ
a ṫug sé dóib gur ṁarbuiġ sé
an seisear. Nuair a ṫáinig
a ḃean lá ar na ḃáireaċ ná
bí gearra ná loċt a biṫ air
ċuimil sí uisge léiġeas de
gur léiġeas sí é. "Bail anois"
adeir sí "ní mór duit oibriġaḋ
go maiṫ anoċt. Ní ort aréir
aċ seisear aċ beiḋ dá ḟear
déag anoċt ort." D'imṫiġ léi
agus ċuaiḋ sé a ḟaire. Ní mórán

aċair go dtáinig an dá fear
déug agus d'iompuigh siad é agus
d'iompuigh sé iad. Aċ is aṁlaiḋ
a ḃí sé níor ṫug sé mórán
ṫrácht a ḃeiṫ dóiḃ go raiḃ na dá
fear déug marḃ aige. Nuair a
ṫáinig sise leir na báirneaċ
ḃí na dá fear déug marḃ aige.
Ċuir sí an uisge leiġeas air
arís gur leiġeas sí ná ḃí
lot a ḃeiṫ ná sgríoba air. "Tá
tú dul a faire anoċt" adeir sí
agus ḃfeidir go mbeurfainn beo
ort anoċt agus ní miste go
mbeurfainn, tioċfaiḋ ceiṫre
feara fiċead ċoṁ fada leat
anoċt." D'imtiġ leis agus ṫáinig
na ċeiṫre feara fiċead ċoṁ fada
leis agus d'iompuigh sé iad. Ḃí
trí feara fiċead aca marḃ
luaiṫ go maiṫ aige agus ḃí sé

féin agus an fear eile le ċéile agus
má bí féin san amsir deire
bí an fear a fagail an buaidreacáil
air. Ṫáinig an fear beag ċom
fada leis. "Tarraing do sgian as do
ṗóca" adeir sé "agus sáit é."
Ṫarraing sé an sgian agus ar a
bpoince agus ar leag sé ar í
tuit sé marb. Bí an fear
marb aige anśoin ~~agus~~ aċ
bí sé féin i ngar dá beiṫ
marb freisin bí deire a ċuid
fola i ngar dá beiṫ tairrings te.
Ṫuit sé annas agus é a
tabairt na fola. Ṫáinig an
bean agus íocslainte agus leigeas
sí é. Ṗós siad anśoin agus
ba é an Rí ar Tír na nGealt
é mar ba í an ingean Rí Tír
na nGealt. Nuair abí sé ċeiṫ
bliadna pósta bí mac trí

139

bliaḋna aige agus níor cuimniġ sé
ar an mbaile arís go dtí sin.
Dubairt sé go dtiocfaḋ sé abaile.
"Ní beiḋ mórán fáilte sa mbaile
romhat" adeir sí "mar ní
ċreidfiḋ siad gur tú tá ann
cor a·biṫ." "Is cuma liom"
adeir sé "ba maiṫ liom a·beiṫ
sa mbaile." "Cuirfiḋ mise ann
tú" adeir sí. Tairrinġ sí
amaċ fáinne. "Ar a bpoinnte
boise agus a mbeiḋ an fáinne seo
ar do ṁéir" adeir sí "beiḋ tú
sa mbaile aċ seoċan a
n-iompá an fáinne ar do ṁéir
mar ar a bpoinnte agus a
n-iompóċaiḋ tú an fáinne beiḋ
mise agus an páiste san áit a
mbeiḋ tú agus b'fearr liom bás
fáġail ná beiṫ ann." Nuair
a beas do ċuairt déanta aiḋ

féudfaiḋ tú a ṫeaċt ar ais ḋá na
ionntuiġ an fáinne ormsa." Ċuir
sí an fáinne ar a méir agus ar
a bpoinnte boise bí sé ag cuirc
aṫar. D'fiafraiġ an taṫair de
é bí ann. "Tá náċ n-aiṫniġeann
tú do ṁac" adeir sé. "Tuige
a n-aiṫneóċainn" adeir an
taṫair "an fear a báiṫeaḋ".
"Raiḃ aon marc agat ar a mac"
adeir sé. "Bí" adeir an máṫair
"ball doráin os cionn a ġlúine"
"Tá sé sin ormsa" adeir sé.
Spáin sé dóib é. Ní raiḃ
aon maiṫ ann. "Ní tú mo
ṁac" adeir a taṫair
Ċonnaic mise an soiṫeaċ
aga báiṫeaḋ. Mar a
~~n-aiṫnig~~ n-aiṫneóċaiḋ tú ġiobfaiḋ
mé na gardaí go dtaġfiḋ
siad tú 'n go gcuirfiḋ siad

sa bpríosún tú seurd tá ionac
robálaí aca ag iarraiḋ mé
robáil." "Tá mé pósta" adeir
sé "agus tá mac trí bliadhna
a-m agus má's maiṫ lib é"
adeir sé "spáinfiḋ mé ḋib iad"
"Spáin" adeir a ṁáṫair. Bhí an
ḃean ann ar a bpoinnte agus í
as a ciall faoi í ṫabairt ann.
Ḋfáġ a ta ċair istiġ iad an oiḋċe
sin ar éigin agus maraċ a'
ṁáṫair ní ḟágfaḋ. Nuair a
ċuaiḋ siad amaċ sa mbaile
mór lá'r na ḃáireaċ agus gur
ṡiubail siad a baile mór go
raiḃ píosa ḋe'n lá ann. Ṡiubail
siad amaċ as agus ṫáinig siad
isteaċ i bpáirc agus ṡuiḋ
sé síos agus leag sé a
claiġeamh ina ḣuiċt agus
ṫuit sé ina ċoḋlaḋ agus nuair

a ḋúisiġ sé ḃí an ḃean agus
a ṁac agus a fáinne imṫiġṫe.
Ṫosnuiġ sé a caoineaċán agus ġaḃ
bealaċ aige le imṫeaċt. Dubairt
sé ansoin naċ dtaoḃóċaiḋ sé
an taċar níos mó. D'imṫiġ sé
leis agus ḃí sé ag imṫeaċt go
raiḃ ~~an~~ deaċaim ann agus deire an
lae a teaċt. Ċasaḋ isteaċ i
dteaċ é agus ḃí triúr feariní
istiġ roiṁe ina suiḋe ar ċaṫaoireaċa
agus ḃí caṫaoir eile ann. Ċuireadar
fáilte roiṁe ina ainm. Leagadar
anuas bord bíḋ agus ḋíġe aige.
Nuair a ḃí sé sin caiṫte aige
d'fiarruiġeadar ḋe cá raiḃ a
triall na a ṫairrinġt. D'innis
sé ḋóiḃ. "Ní raiḃ ceart a ḃiṫ
aiḋ sa a ṫeaċt ar an áit a
raiḃ tú" a deir duine
aca. "Ní ceart a ḃiṫ aiḋ

a ṫeaċt ċóṁ fada leis a bfear
sin naċ raib fios gur ceannuiġeaḋ
uaḋ tú. "Ní'l mise i n-don tada
ḋéanaṁ ḋuit níos mó" adeir sé.
Rinne mé rud maiṫ ċeana ḋuit.
Ċeannuiġ mé uaḋ taċair tú, agus ċuir
mé san áit a bfearr faoin
doṁan tú." "Ní'l mise i n-don
aon ḃlas a ḋéanaṁ ḋuit"
adeir fear eile. "Rinne mé rud
maiṫ ċeana ḋuit. Nuair a ḃí
tú i ngar dá ḃeiṫ marḃ,
ṫáiniġ mise agus dubairt mé
leat an sgian a ṫarraingt
agus ar ndóiġ ní ṫusa a
sáiṫ ~~ṫú~~ é aċ mise." "Cá mbéal
i n-don tú fáġáil an áit"
adeir a fear "aċ ní san áit
a raib tú ċeana é.
Codail anoċt agus beiḋ tú
a mbáireaċ i ~~Sliab an Óir~~ gCnoc an Airgid.

an áit a bfuil trí míle faiċaiġ.
Tiocfaidh siad sin ċomh fada leat
agus ní béiḋ aon ṁeas acab
ort aċ an oiread le páisde.
Agus déarfaidh siad go n-íosfaidh
siad ṫú. Agus abair ċúpa naċ
n-íosfaid agus naċ ndófaidh go
dtrotfidh siad tú aċ gan
iad a teaċt ort aċ ina
ndaoine aonraic. Tá clóca
ag duine acab agus sé nós
a dtiocfaidh sib a carnuġeaċt
agus tiubrfaidh sé ċuile rud
duit agus tiubrfaidh sé an
clóca faoi ḋeireadh ḋuit agus
nuair a ċuirfeas tú an clóca
sin ort níl aon áit dá
mbéiḋ tú ag iarraidh a ḋul
naċ dtiocfaidh tú. Sábfaidh tú
a carnuġeaċt leis an dárna facaċ
ansoin agus tiubrfaidh sé sin sleaġ duit

agus ní'l aon dhuine dá mbeidh sí
aige nach mbeidh i n-ann an domhan
a mharbhughadh. Agus gheobhfaidh tú a
carruigheacht leis a' triomhadh fatach
agus tiubhrfaidh sé sin haca duit
agus nuair a chuirfeas tú ort' an
hata sin beidh tú i n-ann a dhul
isteach an áit a' bith gan duine a
bith go do feiceál. Nuair a bhéas
tú ag imtheacht uaidh na fathaig
déarfaidh siad leat áit a bith go
deó a dteaspóchaidh siad uait
go dtioefaidh siad a'd. "
Nuair a d'éirigh sé ar maidin bhí
sé i gcnoc an airgid. Bhí sé a'
siubhal an chnoic leis agus sgearr go
bhfaca sé na triur fathaig mór
millteacha a teacht. Tainig siad.
"Fú fá fiusog" adeir siad "fagaim
muid balait fir agus iosfaidh muid
é". "Iosfaidh mise é" adeir a'

146

ċéud duine acab. "Íosfaiḋ mise é"
adeir a dárna duine. "Ní íosfaiḋ
ceartcar agaib é" adeir a tríomaḋ
fear aċ sluigfiḋ mise é."
"Ní íosfaiḋ ceartcar agaib mise"
adeir sé "aċ tugaí coṫram fir
ḋom; ná teiġfeaḋ orm aċ duine
agaib san iarra." "Ní gaḃfaiḋ" adeir
a ċéud fear "gaḃfaiḋ mise leat.
Ce'ſ fearr leat a carruigeaċt ar
leaċtoċaí dearga ná a gabail de
sgeana glasa i mbolg easnaċaiḃ
a ċéile." "Is fearr liom a carruigeaċt
ar leaċtoċaí dearga san áit
a mbeiḋ mo ċosa míne fíor uaisle
ag eiriġ an uaċtar agus do crága
móra mí-ṡċuma a gabail an
íoċtar." Ċuaiḋ siad ansoin
lámh an íoċtar, lámh an uaċtar
lámh an uaisle ċarruigeaċt. Ní
raib aon fear ó ċioradáin go

huaraḋáin a ṫiocfaḋ a ḃreaċnuġaḋ
ar ġaisge Coṫ na cruaiḋ comrac
naċ orrṫab a ċóir a ṫeaċt a
ḃreaċnuġaḋ. Déanfaḋ siaḋ boġáin
ḋe'n ċruaḋán agus cruaḋán de'n
boġáin a tarraingt toibreaċa
fíor uisge ṫrí lár na gcloċa slapa
le neart treabaḋ agus tiomaint. Ṫug
sé cor do'n fáċaċ agus ċuir sé
go ġlúinib é, an darna corr go
básta, an triomaḋ corr go meall
a ḃráġaid. "Talam as do ċionn a
ḃodaig" adeir sé. "Ċidim go b'eaḋ"
adeir a fáċaċ. Tiubirfaiḋ mé ao
eaċ caol duḃ duit a béarfas ar
an ngaoiṫ a ḃeas rómpi sul dá
mbéarfaiḋ an ġaoiṫ a ḃeas ina
diaiḋ uirri, agus an poicín íocslainte,
an claiḋim solus, an tslaitín
ḋraoiḋeaċt agus fáinne na
hóige, agus tiubirfaiḋ mé ceaċ
Rainaḋ

m'anama dom". "Níl mé dul do
do marbuġaḋ cor a bíċ" adeir sé.
"Agus bronfaiḋ mé suas an méid
sin ulliġort. Aċ tá rudeicíne
eile a'd a tiubrfas tú dom, tá
cloċa a'd." "Naċ maiṫ a bí
fios a'd é" adeir a faṫaċ "tá
draoiḋeaċt a'd". "Marḃ go
ḃfuil" adeir Seáinín "ní beinn i ndon
ad sa". D'ionnsuiġ faṫaċ na sleaġ
ansoin é agus d'ionnsuiġ siad féin
a ċéile gur ċuir sé iallaċ ar a
ḃfaṫaċ an tsleaġ a ṫabairt dó.
Nuair abí an tsleaġ aige ansoin
ċuaiḋ an faṫaċ eile air - agu
ġroid agus ḃain sé an hata de
sin. Nuair abí an cloċa agus
an tsleaġ agus an hata aige ansoin
ṫug na faṫaiġ na trí fáinne dó
agus dubairt siad beis aon lá go deo
a mbeaḋ caṫ na Cruaiḋ comrac air".

149

nać raiḃ air aċ na fainní a loinnruġaḋ ar a ṁéar agus go mbeaḋ siaḋ féin aige. Bí na fáċaiġ aige ansoin mar bí na caiḃ. Ar a bpoinnte boiṡe agus ar ċuir sé air a ċlóċ a ṁór stop go ndeaċaiḋ sé go dtí an áit a raiḃ a ċuirt aige, an áit a raiḃ a ḃean. Nuair abí sé a teaċt an aice leis a' gcuirt ní raiḃ tada le feiceál aige aċ daoine — mac a' Ríġ ba aoirde abí fad'n ḋoṁan abí a teaċt a tabairt leis an ḃean. Bí an bainis aga' caiteaṁ isteiġ. Táinig seiṫean isteaċ agus bí sé 'sa gcomlódar agus bí an hata agus ní raiḃ aon feiceál air. Cuile nair a ċuirtí an gloine ~~aige~~ ag an mbean le n-ól bíoḋ sí ólta aige san agus í bagta folain ar an mbórd agus ní bíoḋ fios cé d'ólfaḋ í. Dubairt sí ansoin "Tá tú isteiġ an áit eicínt."

Ċuaiḋ sí ċoiṁ fada le na seomra
féin agus ċait sí í féin ar a
leabaiḋ. Ṫáinig sé ċoiṁ fada
léiṫi. "Bí ṡíos ann" adeir sí
"go raiḃ tú istiġ an áit eicínt."
"Gaiḃ síos" adeir sé "agus abair leis
an bḟear sin atá teaċt go
d'iarraiḋ tuiceaċt leis na mar
a ṫuigeoċaiḋ go ṫuigeoċaiḋ sé
agus deifir air." Ċuaiḋ sí síos.
"Ní ṫuigeoċaiḋ" adeir an fear
"go dtuigfaiḋ mé ċuga liom."
Ċuaiḋ sí suas. Nuair aḃí sí ṫuas
bí na fáinní iompuiġṫe ar a
méaraċaiḃ aige agus bí na
faċaiġ ann ar a bpoinnte.
Nuair a ṫáinig siad ċuir siad
amaċ an méid aḃí ann le aon
t-séideoġ amáin agus nuair
aḃí siad amuiġ ċuir siad
séideoġ eile ionnta agus níl

fios cé'n áit ar imṫiġ siad. Níor
facas aon aṁarc ariam orrṫab.
bí Sliaḃ an Óir aige faoi n-a
ṁaiġistireaċt féin an fad is ḃeaḋ
sé beó aríst agus rud a biṫ
a ṫiocfaḋ a triall air bí na
faṫaiġ aige.

28/7/32

159

an bealac ar rugad naom Pádraic

~~[illegible]~~

an Rí 7 a bolsgaire

an fear a cuaid Robert leis a bfear laidir